An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media



# Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga

SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge

DCU

Pádraig Ó Duibhir, Laoise Ní Thuairisg, Colm Ó Ciardubháin, Cóilín Ó Floinn, Gearóidín Uí Laighléis

S20 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2018–2022
Ár dTeanga, Ár bPobal

Deireadh Fómhair 2020

# Clár an Ábhair


Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga ... 4

1 Achoimre Fheidhmeach ... 6
- 1.1 Riaradh na Scéime ... 6
- 1.2 Obair na gCúntóirí ... 8
- 1.3 Cáilíochtaí agus Oiliúint na gCúntóirí ... 10
- 1.4 Leithdháileadh uaireanta an chúntóra teanga ... 11
- 1.5 Áiseanna Teagaisc ... 13
- 1.6 Earcú na gCúntóirí ... 13
- 1.7 Tréimhse Oibre agus Íocaíocht na gCúntóirí ... 14

2 Athbhreithniú Litríochta ... 16
- 2.1 Idirghabháil sa chomhthéacs Idirnáisiúnta ... 16
- 2.2 Cúlra Sochtheangeolaíochta na Gaeltachta ... 20
- 2.3 Athbhreithnithe ar Scéim na gCúntóirí Teanga ó 1999 i leith ... 21
- 2.4 Conclúid ... 25

3 An Mhodheolaíocht ... 26
- Mír 1: Tionchar na scéime ... 26
- Mír 2: Riaradh na scéime ... 26
- 3.1 Ceistneoirí na gcúntóirí teanga ... 27
- 3.2 Ceistneoirí na bPríomhoidí ... 27
- 3.3 Grúpaí fócais na gcúntóirí teanga ... 28
- 3.4 Agallaimh le príomhoidí ... 28
- 3.5 Eolas na dTuismitheoirí ar an Scéim ... 28
- 3.6 Agallamh le coistí áitiúla pleanála teanga ... 29
- 3.7 Agallaimh le páirtithe leasmhara ... 29
- 3.8 Conclúid ... 29

4 Torthaí an Taighde agus Plé ... 30
- 4.1 Próifíl na Scoileanna Gaeltachta ... 30
- 4.1.1 Bunscoileanna na Gaeltachta ... 30
- 4.1.2 Iar-Bhunscoileanna na Gaeltachta ... 32
- 4.2 Cuspóirí Scéim na gCúntóirí Teanga ... 33
- 4.3 Próifíl na gCúntóirí: Cúlra, oideachais agus oiliúna ... 34
- 4.3.1 Cúlra teanga na gcúntóirí teanga ... 34
- 4.3.2 Cúlra oideachais agus oiliúna na gcúntóirí teanga ... 36
- 4.3.3 An Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach sa scéim ... 36
- 4.4 Obair an chúntóra ó lá go lá ... 38
- 4.4.1 Leithdháileadh na n-uaireanta ... 38
- 4.4.2 Leagan amach obair an chúntóra ... 40
- 4.5 Tréimhse Oibre an Chúntóra ... 43
- 4.6 Íocaíocht faoi Scéim na gCúntóirí Teanga ... 44
- 4.7 Earcú na gcúntóirí ... 45
- 4.8 Monatóireacht ... 45





4.9 Tábhacht Scéim na gCúntóirí Teanga ..... 47
4.10 Conclúid ..... 48

**5 Tátal agus Moltaí** ..... 49
5.1 Riaradh na Scéime ..... 49
5.2 Obair an Chúntóra ..... 50
5.3 Oiliúint na gCúntóirí ..... 51
5.4 Leithdháileadh uaireanta an chúntóra teanga ..... 52
5.5 Áiseanna Teagaisc agus Foghlama ..... 53
5.6 Earcú na gCúntóirí Teanga ..... 53
5.7 Tréimhse na Scéime agus íocaíocht ..... 53
5.8 Focail scoir ..... 54

**6 Leabharliosta** ..... 55

**7 Aguisíní** ..... 58
7.1 Aguisín A: Liosta na scoileanna atá faoi Scéim na gCúntóirí Teanga 2018-19 ..... 58
7.2 Aguisín B ..... 61
7.2.1 Aighneacht Mhuintearas Teoranta ..... 61
7.2.2 Aighneacht Oidhreacht Chorca Dhuibhne ..... 65

# Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga

Bunaíodh Scéim na gCúntóirí Teanga (an Scéim feasta) i 1999 chun an Ghaeilge a láidriú mar theanga labhartha i measc daltaí bunscoile Gaeltachta. Ó shin i leith leathnaíodh an Scéim chuig iar-bhunscoileanna na Gaeltachta. Is ar ghníomhaíochtaí saibhrithe agus sealbhaithe teanga go príomha a bhíonn obair na gcúntóirí dírithe agus iad ag feidhmiú mar thacaíocht d'fhoireann teagaisc na scoile. Is iomaí athrú atá tagtha ar an oideachas Gaeltachta sa tréimhse ó bunaíodh an Scéim. Táthar ag súil tríd an athbhreithniú seo go bhfaighfear tuiscint níos fearr ar na bealaí go bhféadfaí an Scéim a láidriú i gcomhthéacs fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus an phróisis phleanála teanga i gcoitinne. Ní hé seo an chéad athbhreithniú a rinneadh ar an Scéim. Faoi mar a dhéantar cur síos air san athbhreithniú litríochta thíos, bhí athbhreithnithe seachtracha agus inmheánacha eile ann sna blianta 2000, 2003, 2008 agus 2012. Is dóigh linn go bhfuil comhthéacs nua ann anois sa chóras oideachais Gaeltachta mar thoradh ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus is tráthúil mar sin athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim ag féachaint chuige cén chaoi is fearr ar féidir an Scéim a fheidhmiú sa chomhthéacs reatha seo d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar eispéireas foghlama agus teanga na ndaltaí a thagann faoi scáth na Scéime.

Cuireadh tús leis an taighde seo i mí Aibreáin 2018 agus tugadh an taighde páirce chun críche i mí Mheán Fómhair 2019. Chuimsigh rannpháirtithe an taighde páirtithe éagsúla a bhfuil ról áirithe acu sa Scéim nó iad sin a thagann faoina cúram, ina measc: tuismitheoirí na ndaltaí a thagann faoi scáth na Scéime; príomhoidí na scoileanna ina bhfuil an Scéim ag feidhmiú; eagrais riartha na Scéime; An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais; An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta; Gaeloideachas agus páirtithe eile leasmhara a bhfuil baint acu leis an oideachas Gaeltachta nó leis an bpleanáil teanga sa Ghaeltacht, agus ar ndóigh na cúntóirí teanga iad féin.

Mar atá luaite, tá athruithe suntasacha tagtha ar an gcóras oideachais Gaeltachta le cur i bhfeidhm Polasaí don Oideachais Gaeltachta (An Roinn Oideachais, 2016) a bhfuil impleachtaí acu don Scéim. Bronnadh uaireanta cúntóra teanga ar 32 scoil bhreise i mí Iúil 2018[1]. Anuas air sin, bronnadh uaireanta tacaíochta teanga ar gach bunscoil a thagann faoin scéim aitheantais scoileanna Gaeltachta (An Roinn Oideachais, 2018a, 2019) agus cuireadh leis na huaireanta a ceadaíodh d'iar-bhunscoileanna (An Roinn Oideachais, 2018b, 2019). Níor mhiste na leasuithe seo a chur san áireamh agus athbhreithniú na Scéime faoi chaibidil. De dheasca amscála an taighde agus nach raibh Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

[1] Féach Aguisín A le haghaidh liosta iomlán na scoileanna

(An Roinn Oideachais, 2018) foilsithe ag an am, ba iad na cúntóirí teanga a bhí lonnaithe i scoileanna na Gaeltachta le linn na scoilbhliana 2017 - 2018 a bhí páirteach sa taighde seo. Bhí 104 scoil Ghaeltachta agus 90 cúntóir rannpháirteach sa Scéim sa scoilbhliain 2017-18. Leathnaíodh an Scéim chuig 136 scoil san iomlán sa scoilbhliain reatha 2018-19 faoi mar a gealladh i bplean Gníomhaíochta 2018-2022 (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, 2018: 45) "gach scoil atá aitheanta ag an ROS faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta" a chur san áireamh faoin Scéim.

Tugtar cur síos san achoimre fheidhmeach ar na príomhthorthaí a tháinig chun cinn sa taighde agus na moltaí a eascraíonn astu. Leagtar an tuarascáil amach i gcaibidlí éagsúla ina dhiaidh sin. Déantar cur síos i gcaibidil a dó ar an litríocht a bhí mar bhunús don taighde. Tugtar cur síos ansin sa tríú caibidil ar an modheolaíocht taighde gur bhaineamar úsáid as agus na ceisteanna taighde a thiomáin an obair. Cuirtear torthaí an taighde i láthair sa cheathrú caibidil agus leagtar amach na moltaí a d'eascair as na torthaí sin sa chúigiú caibidil.


# 1. Achoimre Fheidhmeach

Bhí gach duine a ghlac páirt agus a nocht tuairim san athbhreithniú seo den bharúil go raibh an-tábhacht ag baint le Scéim na gCúntóirí Teanga (an Scéim), go raibh obair an-tábhachtach á déanamh ag na cúntóirí agus gur chóir leanúint leis an Scéim. Chuaigh sé i bhfeidhm orainn mar thaighdeoirí cé chomh díograiseach is a bhí na cúntóirí agus iad ag nochtadh a gcuid tuairimí faoin Scéim agus na bealaí ina bhféadfaí í a fheabhsú. Ghlac na cúntóirí páirt sa taighde ina gcuid ama féin agus is iomaí duine acu a chuir stró orthu féin casadh linn. Níl aon dabht gurb é ceann de bhuanna na Scéime díograis na gcúntóirí, an saibhreas Gaeilge atá acu agus an tiomantas atá acu do chur chun cinn na Gaeilge i measc aos óg na Gaeltachta.

Ní mór cuimhneamh, áfach, gurb iad na daoine is tábhachtaí ar fad sa Scéim ná na daltaí sna scoileanna. Ba cheart go mbeadh riachtanais foghlama na ndaltaí i gcroílár gach gné den obair agus go n-eascródh ról gach páirtí eile sa Scéim as sin. Agus téamaí an athbhreithnithe ag teacht chun cinn chonacthas dúinn gurb é an páiste agus na riachtanais foghlama Gaeilge a bhí aige an t-aonad anailíse ba thábhachtaí. Pléitear téamaí an athbhreithnithe seo ón bpeirspictíocht sin.

## 1.1 Riaradh na Scéime

Scéim oideachais teanga atá i gceist leis an Scéim. Tá dhá roinn stát, eagrais riartha, scoileanna agus cúntóirí ag plé leis an Scéim. Mar chuid de shoiléiriú chuspóirí na Scéime bheadh sé tábhachtach rólanna na bpáirtithe uilig a shoiléiriú freisin. Ba é An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a chuir tús le maoiniú na Scéime an chéad lá riamh. Cuireadh leis an maoiniú sin i gcaitheamh na mblianta. Tháinig ardú ar an leibhéal maoinithe, mar shampla, ó €0.76 milliúin i 2012 go €1.04 milliúin i 2018 mar a léirítear i bhFigiúr 1.1.




**Figiúr 1.1.** Maoiniú Scéim na gCúntóirí Teanga ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ó 2012-2018.

Fáiltítear roimh an tacaíocht leanúnach a gealladh don Scéim sa Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (2018). Cuireadh maoiniú breise ar fáil sa scoilbhliain 2018-19 do scoil ar bith a fuair aitheantas faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus nach raibh cúntóir ag feidhmiú inti roimhe seo. Le cinntiú go bhfuil an Scéim ag freastal mar is ceart ar riachtanais na ndaltaí, moltar Coiste Comhairleach a bhunú comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, An Roinn Oideachais, an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Gaeloideachas agus baill eile de réir mar is gá a shocróidh An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Sholáthródh coiste mar seo fóram cumarsáide do na páirtithe éagsúla agus láthair le dul chun cinn na Scéime a phlé go háirithe mar a bhaineann sé leis an ngné oideachasúil a bhaineann leo. Ina theannta sin, bheadh deis san fhóram seo sainiú agus soiléiriú a dhéanamh ar dhualgais an chúntóra teanga agus dea-chleachtais bainteach leis na dualgais sin.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag na heagrais riartha i bhfeidhmiú na Scéime. Tá nósmhaireachtaí éagsúla i bhfeidhm sna réigiúin éagsúla mar thoradh ar an gcaoi a d'fhorbair an Scéim i gcaitheamh na mblianta. Moltar go mbeadh trédhearcacht ann maidir le maoiniú riaradh na Scéime. Ní mór don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán dar ndóigh luach ar airgead a dheimhniú don Státchiste. É sin ráite, agus meastúcháin á ndéanamh ar tháille riaracháin réasúnta don obair, ba cheart a chur san áireamh nár ardaíodh an táille ó 2011-12 dar leis na heagrais riartha reatha.

Tá roinnt scoileanna ina bhfuil cúntóir ag feidhmiú iontu nach bhfuil tar éis iarratais a dhéanamh ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Ba cheart don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán fógra a thabhairt do na heagrais riartha nach gcuirfear maoiniú ar fáil do chúntóir teanga in aon scoil nach bhfuil rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

### **Moladh 1** Coiste comhairleach a bhunú

- Moltar Coiste Comhairleach a bhunú comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, An Roinn Oideachais, an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Gaeloideachas agus baill eile de réir mar is gá a shocróidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is é an cúram go ginearálta a bheidh sannta don choiste ná comhairle mar is cuí a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme mholtaí ábhartha an athbhreithnithe – go háirithe mar a bhaineann sé leis an ngné oideachasúil a bhaineann leo. Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar mhaoiniú riaradh na Scéime de réir mar is gá agus ról na n-eagras riartha a athbhreithniú go tráthrialta le deimhniú go bhfuil an Scéim á riaradh ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir.

- Moltar don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán fógra a thabhairt do na heagrais riartha nach gcuirfear maoiniú ar fáil do chúntóir teanga in aon scoil nach bhfuil rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. I gcás go gceaptar, ar chúiseanna éagsúla, gurbh fhearr gan tairbhe na scéime a bhaint ó scoileanna den chineál seo moltar go mbreathnófaí ar thairbhe uaireanta agus seachtainí breise tacaíochta chomh maith le tacaíochtaí ábhartha eile de réir mar a oireann a choinneáil siar ó na scoileanna i gceist mar spreagadh.

## 1.2 Obair na gCúntóirí

Tá taithí ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a bheith ag plé le hiliomad scéimeanna Gaeltachta agus a bheith ag plé le heagrais riartha na scéimeanna sin. Thuairiscigh oifigigh na Roinne nach raibh saineolas oideachais sa Roinn, áfach, le meastóireacht a dhéanamh ar éifeacht oideachasúil na Scéime agus nach bhfuil aon chóras foirmiúil ann le cáilíocht agus caighdeán na ngnéithe oideachasúla den Scéim a dhearbhú i láthair na huaire dá bharr. Is iad na scoileanna féin is fearr a thuigeann na dóigheanna ar chóir leas a bhaint as cúnamh na gcúntóirí agus tá ról ag an Roinn Oideachais i ndearbhú chaighdeán oibre na scoileanna. Tá próiseas féinmheastóireachta scoile i bhfeidhm sna scoileanna agus moltar go mbeadh obair na gcúntóirí curtha san áireamh sa phróiseas sin i dtreo an phlean feabhsúcháin scoile. Molaimid freisin go n-iarrfaí ar an Roinn Oideachais meastóireacht a dhéanamh ar bhainistiú obair na gcúntóirí sna scoileanna mar chuid den ghnáthobair mheastóireachta a dhéanann cigirí sna scoileanna Gaeltachta. Tuigtear dúinn go mba ghá don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iarratas foirmiúil a dhéanamh chuig an Roinn Oideachais go ndéanfaí sin. Bheadh meastóireacht den chineál seo ag teacht leis an gcur chuige reatha, áit a bhfuil na cuairteanna comhairleacha ar bun ag Cigireacht na Roinne Oideachais ar scoileanna Gaeltachta “chun na spriocanna teanga-bhunaithe agus na gníomhartha atá roghnaithe faoin bpróiseas féinmheastóireachta scoile (bunaithe ar na réimsí agus na caighdeáin mar atá in Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016) a phlé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhartha” (An Roinn Oideachais, 2018a: 2, 2018b: 2, 2019).

Ba léir ó theistiméireachtaí na gcúntóirí go mbraitheann cleachtas gairmiúil an chúntóra go mór ar chomhdhéanamh na scoile ina bhfuil sé / sí ag obair. I measc na ngnéithe a bhfuil tionchar acu ar an gcleachtas, tá: líon na ndaltaí atá á dtógáil le Gaeilge; líon na ndaltaí atá ina gcónaí sa cheantar ach arb í an Ghaeilge an dara teanga acu; líon na ndaltaí atá nua don cheantar agus don scoil; mian an phríomhoide agus na múinteoirí maidir le feidhmiú na Scéime; líon na n-uaireanta atá ag an gcúntóir; áiseanna na scoile agus gnéithe eile nach iad. Déantar iarracht ginearálú a dhéanamh mar sin féin ar an obair a bhíonn idir lámha ag na cúntóirí.

Is iad na múinteoirí ranga den chuid is mó a leagann amach obair an chúntóra, agus molaimid an cleachtas sin. Tá nósanna imeachta éagsúla ó scoil go scoil maidir leis an gcaoi a shocraítear cé na daltaí a n-oibríonn an cúntóir teanga leo agus bíonn níos mó ná nós amháin in úsáid in go leor scoileanna.

Próiseas comhairleach idir na páirtithe leasmhara a bhíonn i gceist den chuid is mó. An dá phróiseas is coitianta ná i) próiseas comhairleach idir an príomhoide, an múinteoir ranga agus an cúntóir teanga agus ii) próiseas comhairleach idir an príomhoide agus an múinteoir ranga. Molaimid go rachfaí i dteagmháil le tuismitheoirí freisin sa phróiseas seo faoi mar a tharlaíonn le tacaíocht foghlama, mar shampla. Ba chóir eolas i scríbhinn a chur chuig tuismitheoirí go bliantúil faoin obair a bheidh ar siúl ag an gcúntóir faoi stiúir an mhúinteora ranga agus go bhfaighidh an scoil síniú ó na tuismitheoirí le taispeáint go dtuigeann siad na socruithe éagsúla atá i réim.

Glacann roinnt cúntóirí daltaí amach ón seomra ranga agus dírítear ar chleachtais teanga leo mar ghrúpaí. Is minic go mbíonn na grúpaí sin deighilte de réir a gcumas sa Ghaeilge. Den chuid is mó baineann cúntóirí leas as cluichí agus rannta / scéalta ar mhaithe le hionchur teanga a thabhairt do na daltaí agus deis a thabhairt dóibh an teanga sin a úsáid laistigh agus lasmuigh de thimpeallacht na scoile. I gcásanna eile, is istigh sa seomra ranga a oibríonn na cúntóirí leis na daltaí. Níor mhór cuimhneamh nach bhfuil na cúntóirí fostaithe mar mhúinteoirí cé go bhfuil cáilíocht mhúinteoireachta ag cuid acu. Ba cheart go mbeadh an cúntóir i gcónaí ag obair faoi stiúir mhúinteora, an mhúinteora ranga, an mhúinteora tacaíochta teanga nó an príomhoide.

Moltar a chinntiú go bhfuil gach cúntóir grinnfhiosraithe ag an nGarda Síochána agus go bhfuil na gnéithe is gá de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí curtha in iúl ag an scoil do na cúntóirí teanga de réir mar a éilíonn *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017*. Ní mór na cúntóirí a chur ar an eolas faoina gcuid dualgais maidir leis an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Thuairiscigh príomhoidí na n-iarbhunscoileanna a bhí sa Scéim go dtí seo gur ag obair le daltaí i ngrúpaí idir 2-5 nó 6-10 a bhíonn na cúntóirí den chuid is mó. Is iad na straitéisí a luaigh na príomhoidí ná: ciorcal cainte agus cluichí; meascán den scríobh, léamh agus labhairt; comhrá díreach agus indíreach, ról imeartha, obair bheirte agus obair ghrúpa. Dúirt siad go mbíonn béim ar an nGaeilge labhartha agus ar nathanna cainte laethúla. Teastaíonn cur chuige ar leith sna hiar-bhunscoileanna le hais na mbunscoileanna. Is minic ag an leibhéal seo gur rochtain ar an gcuraclam trí mheán na Gaeilge an riachtanas is mó atá ag daltaí. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil 28 iar-bhunscoil faoin Scéim anois agus 16 acu sin rannpháirteach sa Scéim den chéad uair sa scoilbhliain 2018-19, moltar treoir agus comhairle a chur ar na scoileanna sin ar bhonn práinne. Mar a rianaíodh thuas, bheadh ról lárnach ag an gCoiste Comhairleach sa phróiseas seo. Le go mbeidh na páirtithe uilig soiléir faoi ról an chúntóra, moltar go ndéanfadh an Coiste Comhairleach sainmhíniú ar ról an chúntóra teanga i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara.

### **Moladh 2** Obair an Chúntóra sa Scoil

- Moltar go ndéanfadh an Coiste Comhairleach iomlánú i scríbhinn ar ról an chúntóra teanga ar mhaithe le soiléiriú tuilleadh a dhéanamh ar an ról a bheidh acu sa suíomh nua oibre atá ann le cur i bhfeidhm an pholasaí don oideachas Gaeltachta agus an

phróisis pleanála teanga. Is gá sa chomhthéacs seo, cúram ar leith a dhéanamh de ról an chúntóra teanga san iar-bhunscoil Ghaeltachta.

- Moltar go mbeadh obair an chúntóra curtha san áireamh mar chuid de phleananna teagaisc na múinteoirí agus na scoile.
- Moltar go mbeadh an cúntóir teanga agus an múinteoir tacaíochta teanga ag obair as lámha a chéile faoi stiúir an phríomhoide.
- Moltar go gcuirfeadh gach scoil i gcomhar leis na heagrais riartha de réir mar a oireann tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i scríbhinn faoin obair a bheidh ar siúl ag an gcúntóir faoi stiúir an mhúinteora ranga agus go bhfaighidh an scoil síniú ó na tuismitheoirí le taispeáint go dtuigeann siad na socruithe éagsúla atá i réim.
- Moltar go mbeadh obair na gcúntóirí curtha san áireamh mar chuid de phróiseas féinmheastóireachta scoile i dtreo an phlean feabhsúcháin scoile.
- Moltar go n-iarrfaí ar an Roinn Oideachais meastóireachta a dhéanamh ar bhainistiú obair na gcúntóirí sna scoileanna mar chuid den ghnáthobair mheastóireachta a dhéanann cigirí sna scoileanna Gaeltachta.

## 1.3 Cáilíochtaí agus Oiliúint na gCúntóirí

Tá sárscileanna ag na cúntóirí teanga atá ag obair i scoileanna na Gaeltachta, lena n-áirítear taithí shaibhir ar an oideachas Gaeltachta, sárchaighdeán teanga agus freisin réimse leathan cáilíochtaí oideachais, teanga agus eile. Bhí cúlra leathan oiliúna i measc na gcúntóirí teanga uile a ghlac páirt sa tionscadal taighde. Tá cúlra agus cáilíochtaí in earnáil na réamhscolaíochta ag roinnt mhaith cúntóirí teanga agus bhí líon suntasach díobh ag tabhairt faoi uaireanta páirtama sna naíonraí sular thosaigh siad ar an gcúntóireacht teanga nó go deimhin bhí an dá thráth á fhreastal ag cuid acu. Bhí cáilíocht tríú leibhéal ag 73.2% de na cúntóirí agus cáilíocht FETAC ag breis is leath acu. I gcás roinnt cúntóirí, tugtar cuireadh dóibh freastal ar chúrsaí don fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bhíonn á soláthar d'fhoireann uile na scoile, go háirithe cúrsaí atá dírithe ar theagasc teangacha. Tá bearna san oiliúint go háirithe sna cleachtais sin a bheadh oiriúnach do na daltaí sna ranganna sinsearacha agus sna hiar-bhunscoileanna nach mór aghaidh a thabhairt air.

Ag cur nádúr na hoibre san áireamh, bheadh sé deacair cáilíocht ar leith a lua mar bhuncháilíocht do phost an chúntóra ach sárchumas Gaeilge agus dúil a bheith ag obair le páistí. Bhain taithí luachmhar saoil agus go minic taithí mar thuismitheoirí leis na cúntóirí agus is taithí í seo nach bhfaighfeá ar chúrsa léinn. Fágtar mar sin gur oiliúint sa phost is fearr a fheileann. An cleachtas go dtí seo, áfach, ná b'iondúil gurb iad na cúntóirí féin a chinn tabhairt faoi oiliúint a chur orthu féin agus i roinnt cásanna a d'íoc as an oiliúint freisin. Ábhar míshástachta do roinnt cúntóirí ab ea seo.

In éagmais cúrsa oiliúna ar leith, tá tábhacht ag baint le deiseanna a thabhairt do chúntóirí na cleachtais agus straitéisí rathúla atá in úsáid acu a roinnt ar a chéile. Tá deis ann freisin ionchur a fháil ar

thopaicí ar leith. Chuige sin, molaimid go mbeadh deis ag na cúntóirí teacht le chéile faoi dhó in aghaidh na bliana ar bhonn réigiúnach ionas go bhféadfaidís dea-chleachtais a roinnt. Molaimid freisin don Choiste Comhairleach iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí cúrsaí oiliúna a eagrú do chúntóirí.

**Moladh 3** Oiliúint na gCúntóirí

- Moltar go n-eagrófaí ceardlanna eolais ar bhonn rialta ina mbeadh deis ag cúntóirí teacht le chéile ar bhonn réigiúnach ar mhaithe le cur lena gcuid scileanna agus tuiscintí maidir leis an gcúram – le hionchur saineolaí nó cleachtóra oilte de réir mar a oireann agus smaointe a roinnt le chéile.
- Moltar go ndéanfaidh an Coiste Comhairleach agus páirtithe leasmhara eile de réir mar a oireann, iniúchadh ar na bealaí deiseanna oiliúna a threisiú tuilleadh do chúntóirí.

Maidir leis na heagrais riartha, leagtar go leor cúraimí orthu, ina measc: na cúntóirí a earcú do na scoileanna agus conarthaí a shocrú; teagmháil a dhéanamh le scoileanna; na cúntóirí a íoc; a chinntiú go bhfuil na cúntóirí faoi árachas; monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime; tuairisciú An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar bhonn rialta. Is léir nach bhféadfaí an Scéim a chur i gcrích murach taithí agus saineolas Mhuintearais agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, an dá eagras atá i mbun riaradh na Scéime faoi láthair.

Cruthaíonn an éiginnteacht maidir le leanúnachas na Scéime ó bhliain go bliain go leor deacrachtaí. Bíonn sé deacair iarrthóirí cuí a mhealladh chun na hoibre agus bíonn sé deacair cúntóirí maithe a mhealladh chun fanacht sa ról de bharr na héiginnteachta a bhaineann leis an bpost. Ina theannta sin, cuireann an éiginnteacht bac ar na scoileanna agus ar na heagrais riartha pleanáil fhadtéarmach nó mheántéarmach a dhéanamh.

D'fhonn an dúshlán áirithe seo a shárú, molaimid go gcuirfí an Scéim ar bun ar bhonn timthriallach trí bliana ar a laghad agus go dtabharfaí fógra do chúntóirí agus do scoileanna sula gcríochnaíonn na cúntóirí a gconradh sa scoilbhliain reatha maidir leis an dáta tosaigh a bheidh acu sa chéad scoilbhliain eile. Ba bhuntáiste cur chuige den chineál seo do ná páirtithe leasmhara uile.

## 1.4 Leithdháileadh uaireanta an chúntóra teanga

Bhí aontú ar an iomlán ina measc siúd a ghlac páirt sa taighde gurb é cuspóir na Scéime cuidiú leis na gasúir feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus a húsáid a spreagadh. Nuair a bunaíodh an Scéim ba d'fhonn cabhrú le foghlaimeoirí Gaeilge a cuireadh tús léi. Tháinig athrú air sin in 2012 nuair a cuireadh riachtanais na gcainteoirí dúchais san áireamh agus ceadaíodh maoiniú agus uaireanta breise le haghaidh saibhriú teanga. D'fhág sé sin dhá ghné sa Scéim (i) cabhrú le foghlaimeoirí an Ghaeilge a shealbhú, agus (ii) Gaeilge na gcainteoirí dúchais a shaibhriú. Tháinig sé chun solais san athbhreithniú nach raibh an t-

idirdhealú sin idir sealbhú agus saibhriú cuiditheach a thuilleadh agus gurbh fhearr é a fhágáil faoin scoil uaireanta na gcúntóirí a dháileadh de réir riachtanas na ndaltaí atá sa scoil acu. Thuairiscigh beagnach leath de na príomhoidí, 46.6%, go raibh siad ag feidhmiú i scoileanna i gceantair laga Ghaeltachta agus gach seans gur beag cainteoir dúchais a bheadh ag freastal ar na scoileanna seo. Molaimid mar sin gur faoin scoil a bheadh sé cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a mbainfí úsáid as uaireanta an chúntóra a bhronntar ar an scoil.

Cé gur fháiltigh na rannpháirtithe roimh sholúbthacht na Scéime, bhí tuairim láidir ann go gcabhródh cuspóirí níos soiléire agus treoir níos cinnte le scoileanna an Scéim a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs seo d'fháilteofaí roimh chreat siollabais agus spriocanna dul chun cinn a thacódh le feidhmiú éifeachtach na Scéime.

I láthair na huaire, tuigtear go mbronntar an líon céanna uaireanta cúntóireachta ar gach scoil beag beann ar líon na ndaltaí sa scoil nó a gcuid riachtanas foghlama. Bhí éiginnteacht i measc na bpáirtithe leasmhara maidir le cé a dhéanann cinneadh maidir le dáileadh uaireanta an chúntóra sna scoileanna éagsúla agus cén réasúnaíocht a mbaintear leas aisti agus an dáileadh ar bun. Theastaigh ó phríomhoidí go gcuirfí líon na ndaltaí sa scoil san áireamh agus líon na n-uaireanta á ríomh. I láthair na huaire dealraíonn sé nach gcuirtear líon na ndaltaí san áireamh agus uaireanta á mbronnadh. Moltar go leanfaí le híoslíon uaireanta do gach scoil ach go gcuirfí scála i bhfeidhm faoi mar atá á dhéanamh leis na huaireanta tacaíochta teanga faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (An Roinn Oideachais, 2018a, 2018b, 2019). I gcás Scéim na gCúntóirí Teanga, bheadh an scála agus líon na n-uaireanta ag brath ar acmhainní airgid bhreise don Scéim féin dar ndóigh.

### **Moladh 4** Leithdháileadh na n-uaireanta

- Moltar gan idirdhealú righin a dhéanamh ó thaobh maoinithe agus leithdháileadh uaireanta de idir saibhriú agus sealbhú, agus gurbh fhearr leithdháileadh na n-uaireanta laistigh den scoil a fhágáil faoin bpríomhoide i gcomhpháirt leis na múinteoirí.
- Moltar go leanfaí le híoslíon uaireanta do gach scoil ach go gcuirfí scála i bhfeidhm faoi mar atá á dhéanamh leis na huaireanta tacaíochta teanga faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus go mbeadh fáil ar uaireanta breise faoin Scéim do scoileanna a bhfuil líon níos airde daltaí iontu. Chuirfí an córas céanna i bhfeidhm i ngach réigiún.

## 1.5 Áiseanna Teagaisc

Cheap 61% de chúntóirí agus 67% de phríomhoidí go raibh go leor áiseanna teagaisc ar fáil don Scéim. Gan amhras cabhraíonn na háiseanna cuí le cúntóirí na daltaí a spreagadh agus a mhealladh. Mar thoradh ar athbhreithniú roimhe seo bunaíodh suíomh gréasáin www.ancuntoir.ie. Tá buneolas ar an suíomh faoin Scéim agus roinnt áiseanna i bhfoirm scéalta. Moltar go ndéanfadh na heagrais riartha forbairt ar an suíomh seo i gcomhpháirt lena chéile agus le páirtithe leasmhara eile agus cur le líon na n-áiseanna. B'inmholta an rud é go mbeadh fóram ann do chúntóirí chun áiseanna a roinnt ar a chéile, comhairle a lorg óna chéile agus rannpháirtíocht i ngréasán gairmiúil a chothú ina measc. Theastódh maoiniú chuige seo dar ndóigh.

D'iarr go leor príomhoidí go gcuirfí deontas ar fáil do scoileanna le háiseanna teagaisc agus foghlama a cheannach do na cúntóirí. Mar chuid den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, cuirtear maoiniú breise ar fáil do scoileanna atá rannpháirteach sa scéim sin chun acmhainní teagaisc Gaeilge a cheannach. Tá sé luaite cheana féin an cur chuige pleanála comhtháite a bheidh de dhíth sna scoileanna faoin Scéim seo maidir le cleachtais an chúntóra teanga, an mhúinteora tacaíochta teanga agus pobal uile na scoile. Moltar go gcuirfidh scoileanna riachtanais na gcúntóirí teanga san áireamh agus na hacmhainní seo á gceannach.

**Moladh 5** Áiseanna Teagaisc agus Foghlama

- Moltar go dtabharfaí faoi athchóiriú a dhéanamh ar na bealaí go bhfeadfaí an suíomh gréasáin www.ancuntoir.ie a fhorbairt tuilleadh le go mbeadh sé mar áis eolais, theagaisc, oiliúna agus thacaíochta do na cúntóirí teanga agus páirtithe leasmhara.
- Moltar go dtabharfaidh príomhoidí agus múinteoirí na scoile aird ar riachtanais na gcúntóirí teanga chun tacú le riachtanais teanga na ndaltaí agus acmhainní á gceannach faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

## 1.6 Earcú na gCúntóirí

Is ar na heagrais riartha a thiteann an cúram na cúntóirí a earcú nuair a thagann folúntas chun cinn. I dtús na Scéime thuairiscigh cúntóirí gur chur chuige pearsanta agus neamhfhoirmiúil a bhí i gceist leis an earcú go minic. Ó shin i leith is próiseas níos foirmiúla atá i bhfeidhm den chuid is mó. Moltar an cur chuige atá i bhfeidhm ag na heagrais riartha poist mar chúntóirí a phoibliú ar na meáin chumarsáide, na meáin shóisialta agus ar phobail na scoileanna. Bíonn príomhoide na scoile ar an mbord roghnúcháin freisin den chuid is mó. Molaimid go mbeadh príomhoide na scoile mar bhall den bhord roghnúcháin i gcónaí agus cúntóir teanga á cheapadh.

**Moladh 6** Earcú na gCúntóirí Teanga

- Moltar go mbeadh príomhoide na scoile mar bhall den bhord roghnúcháin i gcónaí agus cúntóir teanga á cheapadh.

## 1.7 Tréimhse Oibre agus Íocaíocht na gCúntóirí

Bhí aontú láidir ann go mba chóir go mbeadh na cúntóirí ar fáil ó thús na scoilbhliana. I láthair na huaire is tréimhse de 26 seachtain a bhíonn i gceist agus ba ghá an tréimhse sin a shíneadh. Mheas formhór mór na gcúntóirí agus na bpríomhoidí agus an dá eagraíocht riartha gur míbhuntáiste mór é gan na cúntóirí a bheith sa scoil ón gcéad lá, sa bhunscoil ach go háirithe, agus polasaí tumoideachais á chur i bhfeidhm. Is amhlaidh go mbíonn dúshláin phleanála le tabhairt ag príomhoidí chomh maith céanna tráth go dtosaíonn na cúntóirí ar an obair sa scoil níos deireanaí sa scoilbhliain. Moltar go mbeadh na cúntóirí sna scoileanna ó thús na scoilbhliana agus an tréimhse a shíneadh chomh fada agus is féidir ag brath ar acmhainní chuige sin.

Post páirtaimseartha atá i gceist le post an chúntóra teanga. Ráta de €21.12 san uair a íoctar le cúntóirí is cuma cén tseirbhís nó taithí atá acu. An t-aon phost eile i scoileanna atá cosúil le post an chúntóra teanga is ea an Cúntóir Riachtanas Speisialta. Gabhann scála tuarastail[2] leis an bpost sin a thugann cinnteacht níos fearr do na fostaithe sin agus aitheantas do na blianta seirbhíse atá bainte amach acu. D'iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 síneann an scála tuarastail 15 pointe ó €23,353 go €39,110. Dá gcuirfí na cúntóirí teanga a cheapfaí feasta ar an scála pá seo, thógfadh sé breis is deich mbliana orthu ráta de €21.12 in aghaidh na huaire a bhaint amach. Bhíodh na cúntóirí ar ráta €23 in aghaidh na huaire sular laghdaíodh é go €21.12 le linn na géarchéime eacnamaíochta thart ar 2011. Moltar ráta na gcúntóirí a ardú go dtí €23 in aghaidh na huaire ón scoilbhliain 2019-2020 ar aghaidh agus an ráta sin a bheith faoi réir ag comhaontuithe náisiúnta pá agus go n-ardófaí é de réir mar a thagann arduithe pá sa tseirbhís poiblí trí chéile.

D'aithin na cúntóirí gur post páirtaimseartha a bhí i gceist le hobair an chúntóra. D'oir sé do roinnt cúntóirí go mba phost páirtaimseartha a bhí ann ach níor oir sé do chúntóirí eile. Tháinig moladh chun cinn nuair a bheadh post nua nó uaireanta breise ar fáil i scoil go mbeadh deis ag cúntóirí atá ag feidhmiú cheana féin cur isteach ar an bpost agus uaireanta a charnadh ar an gcaoi sin. B'fhiú an moladh seo a iniúchadh agus mura mbeadh constaicí lena chur i bhfeidhm ó thaobh na scoileanna de, iarratais ar phoist nua a bheith oscailte d'iarratais ó chúntóirí reatha.

**Moladh 7** Tréimhse na Scéime agus Cúrsaí Íocaíochta

- Moltar go mbeidh na cúntóirí sna scoileanna ó thús na scoilbhliana agus an tréimhse a shíneadh chomh fada agus is féidir i dtreo dheireadh na scoilbhliana.

---

[2] www.education.ie/ga/ Ciorclán 0053/2018

Moltar go síneofar an tréimhse go 32 seachtain i ndeireadh báire chomh luath agus is féidir.

- Ar mhaithe le cinnteacht do na cúntóirí a chothú mar a bhaineann sé le téarmaí fostaíochta de, molaimid gur ar bhonn timthriallach trí bliana ar a laghad a mhairfeadh na socruithe agus go dtabharfaí fógra do chúntóirí, d'eagrais riartha agus do scoileanna, sula gcríochnaíonn na cúntóirí a gconradh sa scoilbhliain reatha, maidir leis an dáta tosaigh a bheidh acu sa chéad scoilbhliain eile.
- Moltar go mbreathnófaí go tráthrialta ar théarmaí fostaíochta na gcúntóirí teanga. Sa chomhthéacs sin agus ar mhaithe le cur le héifeacht ghnóthaí riaracháin na scéime moltar go ndéanfaí cúiteamh leis na cúntóirí teanga ar bhonn coicísiúil seachas ar bhonn seachtainiúil. Ar brath ar acmhainní, moltar go n-ardófar ráta reatha pá na gcúntóirí go €23 in aghaidh na huaire, agus go mbeadh arduithe sa todhchaí faoi réir ag arduithe pá sa tseirbhís phoiblí trí chéile.

# 2. Athbhreithniú Litríochta

Agus an litríocht ábhartha á scagadh againn don athbhreithniú seo dhíríomar isteach ar thrí ghné go príomha agus leagtar amach an chuid seo den tuarascáil dá réir. Ar an gcéad dul síos chuardaíomar an litríocht idirnáisiúnta ar chúntóirí teanga i gcórais oideachais eile. Ansin rinneamar iniúchadh ar na bealaí ina dtugtar tacaíocht do mhionteangacha i ndlínsí eile. Ar deireadh rinneamar athbhreithniú ar chuid den litríocht ar na hathruithe atá tagtha ar chúlra sochtheangeolaíochta na Gaeilge ó bunaíodh an Scéim i 1999 agus na hathbhreithnithe eile a rinneadh ar an Scéim ó shin i leith.

Rinneadh cuardach córasach ar an litríocht idirnáisiúnta trí inneall cuardaigh leabharlann na hOllscoile (DCU) http://dcu.summon.serialssolutions.com. Is iad na téarmaí cuardaigh a roghnaíodh ná: “"language assistant*" AND (primary OR elementary) AND “school”. Cé go bhfuaireamar na céadta alt mar thoradh ar an gcuardach seo ar an gcéad dul síos, tar éis critéir níos srianta a chur i bhfeidhm agus achoimrí go leor alt a scagadh, fuarthas sé alt a bhí ábhartha do na ceisteanna taighde. Anuas ar an hailt seo tharraingíomar ar fhoinsí a bhí ar eolas againn cheana féin agus ar thuarascálacha rialtais chun go ndéanfar comparáid idir scéim na gcúntóirí teanga sa Ghaeltacht agus a macasamhail thar lear.

## 2.1 Idirghabháil sa chomhthéacs Idirnáisiúnta

Córas oideachais dátheangach atá sa chóras oideachais Gaeltachta. In aon mhúnla láidir dátheangach bíonn an dátheangachas suimitheach mar sprioc. Ciallaíonn sé seo go bhfoghlaimíonn an dalta an T2 gan aon dochar a dhéanamh don T1 (Baker & Jones, 1998; Ó Duibhir, Ní Chuaig, Ní Thuairisg, & Ó Brolcháin, 2015). Nuair a chuireann foghlaim an T2 isteach ar shealbhú an T1 tugtar dátheangachas dealaitheach air. Áit ar bith a bhíonn dhá theanga i dteagmháil le chéile agus ceann acu ina teanga mhionlaigh, ní mór tacaíocht ar leith a thabhairt don teanga mhionlaigh má tá sí le maireachtáil. Bíonn gá le tacaíocht laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais chuige seo. Taobh istigh den scoil moltar formhór an churaclaim a mhúineadh trí mheán na mionteanga (Landry, Allard & Deveau, 2011). I suímh mhionteangacha ar fud an domhain is minic foghlaimeoirí dara teanga (T2) agus cainteoirí dúchais céad teangach (T1) an mhionteanga a bheith in aon scoil agus rang amháin. Léiríonn an fhianaise atá ag teacht chun cinn ar an oideachas Gaeltachta gur dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh, Béarla sa chás seo, atá i gceist agus gur dátheangachas dealaitheach atá ann don teanga mhionlaigh, an Ghaeilge (Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin, C., & Sheahan, 2014). Tá an córas oideachais Gaeltachta ag cumasú na bhfoghlaimeoirí Gaeilge ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge gan aon dochar dá bhforbairt sa Bhéarla (Shiel, Gilleece, Clerkin, Millar, 2011). Ní hamhlaidh, áfach, do na cainteoirí dúchais toisc nach bhfuil an fhorbairt chuí á déanamh ar a gcumas sa Ghaeilge (Péterváry et al., 2014). In aon iarrachtaí teanga a athneartú comhairlíonn Hickey (2007) nár chóir go mbeadh na cainteoirí dúchais thíos leis.

Toisc go bhfuil meascán cainteoirí T1 agus T2 i ngach scoil Ghaeltachta, cuireann an t-imeascadh idir an dá ghrúpa cainteoirí brú ar sholáthar an oideachais dhátheangaigh agus is iomaí straitéis a thugtar faoi deara i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta maidir lena bhainistiú. Mar chuid de phleananna fáiltithe i

scoileanna Catalóinise, tógtar páistí amach as an rang ar feadh roinnt uaireanta an chloig gach lá tráth go gcuireann siad lena gcumas sa Chatalóinis agus filleann siad ansin arís ar an ngnáthrang (Arnau & Vila-i-Moreno, 2013). Tá idirghabháil ar leith in úsáid sa chóras oideachais Breatnaise sa mhéid is go mbaintear úsáid as ionaid shealbhaithe ina gcaitheann daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile téarma dianthumtha sula dtosaíonn siad ag freastal ar an ngnáthscoil oideachais lán-Bhreatnaise (Ní Thuairisg, 2012).

I scoileanna Fraincise in New Brunswick i gCeanada tá clár *francization* i bhfeidhm chun tacaíocht teanga a thabhairt do dhaltaí atá ag freastal ar na scoileanna seo ach nach bhfuil Fraincis á labhairt sa bhaile acu. Ag brath ar chúinsí na scoile, cuirtear airgead ar fáil chun múinteoir *francization* lán-aimseartha nó páirt-aimseartha a fhostú. Bíonn múnlaí éagsúla in úsáid ag na múinteoirí seo ó mhodh aistarraingthe ón rang go tacaíocht inranga. Nuair a thógtar na daltaí amach as an rang ar feadh tréimhse le linn lá scoile, dírítear ar ghné éigin d'fhorbairt na Fraincise a chabhródh leo tabhairt faoin bhfoghlaim sa ghnáthrang lán-Fhraincise. Nuair is tacaíocht inranga atá i gceist, bíonn an múinteoir tacaíochta teanga ag iarraidh a chinntiú gur thuig na daltaí treoracha an mhúinteora agus gur féidir leo cibé tascanna gur ghá a chur i gcrích (Cormier et al., 2014). Nuair a rinneadh measúnú ar chumas Fraincise na ndaltaí ag tús agus ag deireadh na bliana, léiríodh gur tháinig feabhas orthu uilig.

Is tréith chomónta go minic sna múnlaí sealbhaithe i ndlínsí éagsúla go leagtar luach ard ar rannpháirtíocht an phobail dhúchasaigh sna cleachtais oideachais agus teanga. I Haváí úsáidtear cainteoirí T1 Haváíse mar eiseamláirí oideachais agus teanga do chainteoirí T2 (Lindholm-Leary, 2001). Tá córas tumoideachais Māori na Nua Shéalainne nó Kura Kaupapa Māori bunaithe ar shé bhunphrionsabal Māori, ina measc go bhfuil luach ard ar oidhreacht chultúrtha agus dá réir sin tá an timpeallacht oideachais faoi chúram an whānau lena n-áirítear an teaghlach, agus muintir an phobail (Tākao, Grennell, McKegg, & Wehipeihana, 2010).

Mar chuid den idirghabháil seo sa chomhthéacs idirnáisiúnta tá béim nach beag ar an ról atá ag na cúntóirí teanga i soláthar an oideachais dhátheangaigh. Glactar leis go forleathan sa litríocht idirnáisiúnta gur maith ann iad na cúntóirí teanga agus go gcuidíonn siad le dul chun cinn na teanga labhartha. Ní hionann go díreach na cúinsí a bhíonn i gceist i scoileanna na Gaeltachta agus na cúinsí sna scoileanna thar lear ach é sin ráite is féidir a rá go bhfuil tábhacht leis an taighde seo a thugann, ní amháin cur síos ar éifeacht na hoibre thar lear, ach a luann na dúshláin a bhaineann leis an gcineál seo teagaisc.

Tugtar "team teaching" sa litríocht go minic ar an mhúinteoireacht nuair a bhíonn níos mó ná duine amháin ag plé leis an teagasc agus glactar leis go bhfuil cúig shainmhíniú ann ar an dóigh a ndéantar an obair a roinnt idir an múinteoir agus na baill foirne atá ag cuidiú léi. Is é an téarma "supportive teaching" an téarma is oiriúnaí le cur síos a dhéanamh ar an obair atá ar siúl ag na cúntóirí teanga sa Ghaeltacht agus socraíodh, mar sin de, féachaint ar an taithí a bhí ag scoileanna thar lear nuair a bhí an tacaíocht seo, na cúntóirí teanga, á fail ag an múinteoir.

Is léir, áfach, nach bhfuil sainmhíniú cruinn ceart ar an téarma "language assistant" agus go gciallaíonn sé rudaí difriúla i dtíortha éagsúla. Léiríonn cuid den litríocht idirnáisiúnta fosta go bhfuil míthuiscintí ann, maidir le hobair na gcúntóirí teanga agus cáilíochtaí na gcúntóirí céanna (Crawshaw &

Harrison, 2007). Mar shampla de seo, luann Crawshaw & Harrison cásanna sa Fhrainc nuair a shíl na múinteoirí ranga gur múinteoirí oilte a bhí sna cúntóirí teanga agus i gcásanna eile ba léir nár thuig na cúntóirí teanga cad a bhí le déanamh acu, mar nár tugadh mórán treoracha dóibh.

Is suimiúla fós an tátal atá ag an taighde ar an scéim a eagraítear sa Spáinn i Madrid (Madrid's bilingual / Content and Language Integrated Learning) (CLIL). Fostaítear 800 cúntóir teanga sa scéim sin gach bliain ach in ainneoin na n-uimhreacha seo agus an chostais a théann leis, ní thugtar treoracha cinnte do na múinteoirí ná do na cúntóirí teanga ar an dóigh le dul i mbun oibre le chéile sa seomra ranga (Dafouz & Hibler, 2013). Is léir go mbaineann buntáistí agus míbhuntáistí leis an mhodh oibre áirithe seo. Ciallaíonn an tsaoirse gur féidir le cúntóirí a gcuid tallann féin a thabhairt leo agus an grá agus an spreagadh atá acu do ghné amháin den chultúr a roinnt leis na páistí. Ciallaíonn sé fosta, áfach, go mbíonn cuid de na cúntóirí teanga faoi bhrú ceal treoracha cearta acu le cuidiú leis an obair. Tráchtann Wardman (2013: 651) ar na fadhbanna a bhíonn ann nuair nach gcaitear go leor ama leis na cúntóirí teanga: "Most support is arranged in hastily convened meetings during breaks, with no time for the level of planning that would be considered ideal for effective collaborative teaching".

Léiríonn an taighde go n-éiríonn go han-mhaith leis na cúntóirí teanga nuair a cheaptar múinteoir mar chomhordaitheoir ar an scéim (Julián-de-Vega & Fonseca-Mora, 2017). Áitíonn na húdair gur deachleachtas é cruinnithe foirmeálta a bheith ann leis an bhfoireann ar fad, idir mhúinteoirí, chomhordaitheoirí agus chúntóirí teanga. Dar leo go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an ról atá ag na cúntóirí teanga in ullmhúchán na ranganna teanga. Fuarthas amach gur chreid gach duine sa phróiseas seo gur ról tábhachtach é ról na gcúntóirí teanga (Julián-de-Vega & Fonseca-Mora, 2017: 198):

> In all the schools, language assistants have been proved to be an invaluable help with the elaboration and adaptation of CLIL materials, the oral use of L2 in class, the L2 oral practice with teachers and the introduction of cultural issues.

Moltar go minic agus go láidir sa litríocht idirnáisiúnta gur chóir traenáil a chur ar fáil a chuideodh leis na cúntóirí teanga feabhas a chur ar a gcuid scileanna cumarsáide agus dul chun cinn proifisiúnta a dhéanamh (Angus, 2016; Gómez Soler & Inmaculada, 2018). Léirítear go gcuireann an traenáil agus an comhoibriú idir na múinteoirí agus na cúntóirí go mór le héifeacht na ranganna teanga (Martin, 2000).

Díol spéise an cháipéis a chuir Rialtas Cheanada ar fail don chlár Odyssey, (http://www.myodyssey.ca) ar clár é a chuireann cúntóirí teanga ar fáil do scoileanna na tíre. Cé go mbaineann an clár seo le cúntóirí teanga óga (18-20 bliain d'aois) den chuid is mó, is foinse eolais spéisiúil é maidir le coinníollacha oibre, tuarastal agus dualgais na gcúntóirí teanga. Tosaíonn an clár ag tús mhí Mheán an Fhómhair agus críochnaíonn sé ag deireadh mhí na Bealtaine. Íoctar tuarastal do na cúntóirí teanga agus oibríonn siad 25 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Caitheann siad 20 uair an chloig ag obair leis na mic léinn agus cúig uair a chloig ag ullmhú na gceachtanna.

Is spéisiúla arís iad na dualgais NACH bhfuil cead ag na cúntóirí teanga a chomhlíonadh agus iad ag obair sna scoileanna. Déantar idirdhealú iomlán idir obair na gcúntóirí ranga agus obair na múinteoirí. Níl cead ag na cúntóirí teanga an rang iomlán a ghlacadh ná níos mó ná 10 mac léinn a bheith faoina gcúram ag aon am ar bith. Níl cead ag na cúntóirí teanga freastal a dhéanamh ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu ná aire a thabhairt do pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama nó deacrachtaí iompair acu.

Caithfidh na cúntóirí teanga bualadh leis na múinteoirí ranga uair sa tseachtain ar a laghad le dul chun cinn na mac léinn agus obair na gcúntóirí a phlé. Moltar go láidir do na cúntóirí gaol maith a chothú idir iad féin agus na múinteoirí ranga.

Formhór na staidéar ar scéimeanna tacaíochta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, baineann siad le tacaíocht do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Féach, mar shampla, Lee agus Pring (2016) ina gcuirtear síos ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil do pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama teanga acu. I gcomhthéacs an chuardaigh litríochta, mar sin de, agus muid ag trácht ar scéimeanna ina bhfuil tacaíocht á cur ar fáil i scoileanna ag duine fásta nach múinteoir an duine sin, is fiú tagairt a dhéanamh don scéim Cúntóirí Riachtanais Speisialta (CRS as seo amach) ar an ábhar go bhfuil cosúlachtaí áirithe idir an dá scéim in Éirinn.

Sholáthraigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS as seo amach) tuarascáil dár teideal *International Administrative Review of the Use of Non-Teaching Adult Support Staff in Schools for Students with Additional Care Needs* i mí na Bealtaine 2018. Tháinig sé chun solais sa tuarascáil gur daoine fásta nach múinteoirí cáilithe iad formhór mór na gcúntóirí a thugann cuidiú don pháiste a bhfuil riachtanais speisialta aige (CNOS, 2018: 18). Tugtar faoi deara freisin gur leor oideachas meánscoile a bheith ag an duine fásta le feidhmiú mar CRS agus nach gá oideachas tríú leibhéal a bheith ag an té atá i mbun na hoibre sin. Tá sé riachtanach 3 ghrád D sa Teastas Sóisearach a bheith ag an Chúntóir (CNOS 2018: 6). Is amhlaidh atá na coinníollacha do Scéim na gCúntóirí teanga sa mhéid is nach gá oideachas tríú leibhéal a bheith ag an chúntóir ach gur gá Gaeilge líofa a bheith acu.

Tuarascáil eile a shaothraigh CNOS sa bhliain 2018 ná *Comprehensive Review of the Special Needs Assistant Scheme: A New School Inclusion Model to Deliver the Right Supports at the Right Time to Students with Additional Care Needs*. Tugtar cur síos cuimsitheach ar na dúshláin atá ann don scéim agus cé go n-aontaítear gur maith ann é, aithnítear freisin go bhfuil fadhbanna praiticiúla fós le réiteach.

Tugtar faoi deara, mar shampla, go mbíonn dualgaisí teagaisc ag cuid de na CRS cé nach bhfuil siad cáilithe dó sin. Léiríodh ábhar imní sa tuarascáil freisin go raibh cúramaí leighis ar chuid de na CRS nár choir a bheith orthu ceal oiliúint cheart a bheith acu. Aibhsítear sa tuarascáil seo an gá atá ann an córas agus an tacaíocht a bheith i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana. Tús–ualú (Front loading sa Bhéarla) an téarma a úsáidtear don chleachtas seo agus aibhsítear freisin sna tuarascálacha ar fad, an gá atá le hoiliúint a chur ar gach cúntóir. Féach, mar shampla, *Delivering for Students with Additional Care Needs. The Right Support at the Right Time in Schools A Proposed Model of Support December 2017 NCSE WORKING GROUP REPORT NO. 2* lch.7. Cuirtear an-bhéim sna tuarascálacha uilig ar an mhaoiniú a bheith ar fáil leis na moltaí áirithe sin a chur i bhfeidhm.

Díol spéise an méid a luaitear mar gheall ar uaireanta oibre na CRS. (CNOS Márta 2018, 104). Is léir go n-oibríonn CRS áirithe 28 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ach go n-oibríonn daoine eile suas le 32 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Ar an ábhar go bhfuil cosúlachtaí ann idir obair an dá ghrúpa tugtar suntas anseo don tuarastal a shaothraíonn an CRS: Tosaíonn an pá do dhuine ag bun an scála ar €25,265 (€23,353 don té a ceapadh tar éis 1 Eanáir 2011) agus íoctar €39,110 don té a bhfuil blianta táithí aige agus atá ag barr an scála pá. Is é €13.92 (€12.87 don té a ceapadh tar éis 1 Eanáir 2011) an ráta pá in aghaidh na huaire a shaothraíonn CRS atá ag obair ar bhonn páirt aimseartha (c €10,053 in 2018). Íoctar pá breoiteachta, pinsean agus saoire pá do na CRS. Ní hamhlaidh atá an scéal leis na Cúntóirí Teanga.

## 2.2 Cúlra Sochtheangeolaíochta na Gaeltachta

Leag Coimisiún na Gaeltachta (1926) amach na ceantair Ghaeltachta bunaithe ar chritéir theangeolaíocha agus thíreolaíocha. Bhí líon na gcainteoirí Gaeilge sna ceantair sin os cionn 87% den phobal iomlán, cé is moite de Chontae Phort Láirge, ag an am. Is iomaí athrú atá tagtha ar na ceantair ó shin i leith agus is stádas mar mhionteanga atá ag an nGaeilge, fiú amháin sna ceantair is láidre Gaeilge sa tír (Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha, O'Brien, 2007). Tá an Ghaeilge á labhairt ag pobal a bhfuil ardchumas sa Bhéarla acu ar an iomlán, agus is minic gur mionlach iad taobh istigh dá gceantar féin. Oideachas dátheangach, mar sin, atá i gceist go príomha le hoideachas sa Ghaeltacht. Tá cainteoirí dúchais, athdhúchais, leathdhúchais, agus foghlaimeoirí le chéile in aon suíomh foghlama amháin (Nic Cionnaith, 2008). Cruthaíonn sé seo an-dúshlán do mhúinteoirí agus tá fianaise áirithe ann nach ndéantar cúram ceart de na cainteoirí dúchais i gcomhthéacsanna mar seo (Hickey, 2001). Dar ndóigh baineann cuid de ról an chúntóra cuidiú leis an múinteoir ranga déileáil leis an éagsúlacht seo.

Tá cuid mhaith taighde curtha ar bun agus cuid de foilsithe le scór bliain anuas a thugann léargas dúinn ar an staid leochaileach ina bhfuil an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus an t-aistriú teanga i dtreo an Bhéarla atá ag dul ar aghaidh (m.sh. Harris, Forde, Archer, Nic Fhearaile, & O'Gorman, 2006; Hickey, 2001; Mac Donnacha et al., 2004; Ó Flatharta, 2007; Ó Giollagáin et al., 2007). Is scáthán iad na scoileanna Gaeltachta ar chomhdhéanamh an phobail agus léiríonn na torthaí daonáirimh is deireanaí go bhfuil titim de 11% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017) agus líon na bpáistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad ag laghdú dá réir (Ó Giollagáin et al., 2007). Fiú amháin na cainteoirí Gaeilge féin, is treise a gcumas foclóra sa Bhéarla ná sa Ghaeilge faoi aois 11 bliain (Pétervāry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin, & Sheahan, 2014). Údar amháin leis an sealbhú laghdaithe seo an t-imeascadh idir cainteoirí céad teangach (T1) Béarla agus Gaeilge in aon suíomh amháin agus doiléire i measc oideachasóirí agus riarthóirí an chórais sin maidir le bainistiú éifeachtach an imeasctha seo. Tá an teannas seo idir an freastal ar féidir a dhéanamh ar chainteoirí T1 agus T2 in aon suíomh oideachais amháin mar ábhar imní freisin ag oideachasóirí i gCeanada agus sa Bhreatain Bheag (Cormier, Bourque,

& Jolicoeur, 2014; Hickey, Lewis & Baker, 2013). Bíonn an-tionchar ag fachtóirí eile mar stádas na teanga ar rath an chórais oideachais do dhaltaí ó chúlra teanga mhionlaigh. Tá comhdhéanamh an phobail teanga mhionlaigh fíorthábhachtach freisin mar nach sa scoil amháin a dhéantar forbairt ar scileanna teanga an dalta. Feictear é seo go soiléir sna scoileanna lán-Ghaeilge, go bhfuil sealbhú an dara teanga teoranta nuair is beag teagmháil a bhíonn ag na foghlaimeoirí leis an spriocthteanga taobh amuigh den scoil (Ó Duibhir, 2018).

## 2.3 Athbhreithnithe ar Scéim na gCúntóirí Teanga ó 1999 i leith

Sa chuid seo den tuarascáil déanfar léirbhreithniú ar na tuarascálacha athbhreithnithe atá déanta go dtí seo ar Scéim na gCúntóirí Teanga. Tabharfar léargas ar na moltaí a d'eascair as an taighde sin. Scríobhadh 4 thuairisc ar Scéim na gCúntóirí Teanga go dtí seo agus tabharfar faoi deara nárbh ionann an mhodheolaíocht a bhí in úsáid ag na taighdeoirí uilig. Luaitear an scéim i roinnt tuarascálacha eile. Is díol spéise é, áfach, gurbh ionann na moltaí den chuid is mó sna tuarascálacha seo agus na moltaí a rinneadh sna tuarascálacha atá idir camáin againn anseo. Glacadh leis go forleathan sna tuarascálacha seo gur maith ann iad na cúntóirí teanga. Creidtear go mbíonn tionchar dearfach ag na cúntóirí teanga go háirithe agus teagmháil rialta acu leis na múinteoirí ranga. Tugtar cur síos thíos ar an taighde atá déanta go dtí seo.

Cuireadh tuairisc ar fáil sa bhliain 2000 dar teideal *Scéim na gCúntóirí Gaeilge (Gaeil Ulaidh) Moltaí bunaithe ar Chúrsa/Teacht le Chéile do na Cúntóirí Gaeilge ar an 8 – 10 Bealtaine 2000* agus ceann eile 5 mhí ina dhiaidh sin dar teideal *Scéim na gCúntóirí Gaeilge (Gaeil Ulaidh) Tuairisc ar Chúrsa/Teacht le Chéile do na Cúntóirí Gaeilge agus cruinniú leis na príomhoidí ar an 3 –4 Deireadh Fómhair 2000*. Ba é Seosamh Mac Donnacha, Oifig na Gaeilge Labhartha, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an té a scríobh an tuarascáil agus mhol sé an dá thuairisc sin a léamh i gcomhar a chéile.

Cuireadh roinnt mhaith ceisteanna ar na cúntóirí le linn an chúrsa agus bunaíodh na moltaí ar na freagraí a tugadh don taighdeoir. Rinneadh plé ar ról na gcúntóirí teanga, ar scileanna (pearsanta) na gcúntóirí agus luadh scileanna eile a bheadh úsáideach dóibh agus iad i mbun oibre. Rinneadh roinnt mhaith tráchta fosta ar an phleanáil a rinne na cúntóirí agus ar na háiseanna a cuireadh ar fáil dóibh. Thíos leis seo tá achoimre de na moltaí a rinneadh sa tuarascáil sin:

- Go ndéanfaí ról an chúntóra teanga a shainiú do na cúntóirí agus do na scoileanna, ach go mbeadh feidhmiú ról an chúntóra chomh solúbtha agus is féidir ar mhaithe le freastal ar riachtanais na scoileanna.
- Go ndéanfaí forbairt ar scileanna na gcúntóirí, agus go ndéanfaí na scileanna seo a roinnt ar a chéile.
- Go mbeadh na réimsí seo a leanas san áireamh san oiliúint a chuirfí ar fáil do na cúntóirí amach anseo: Scileanna Praiticiúla/ Ceardaíochta, srl., i.e. scileanna a chabhródh leis an gcúntóir chun

gníomhaíochtaí a eagrú do na páistí. Scileanna /Teoiricí na Teangeolaíochta. Scileanna /Teoiricí Oideachasúla/Ranga

- Go mbeadh córas ann a leagfadh síos, i dtéarmaí ginearálta, an clár oibre a bheadh ag an gcúntóir sa scoil/ sna scoileanna ina bhfuil sé/sí ag obair.
- Go mbeadh ról agus obair an chúntóra sainithe i bPlean Scoile gach scoil, mar aon le plean agus polasaí Gaeilge na scoile.
- Go gcuirfí lámhleabhar nó pacáiste ar fáil do na cúntóirí ina mbeadh ábhar ar nós dánta, amhráin, scéalta, pictiúir, srl. a d'fhéadfadh siad a úsáid ó am go chéile, agus go mbeadh deis acu féin teacht le chéile chun an t-ábhar seo a bhailiú agus a chur le chéile.
- Go mbeadh deis ag na cúntóirí a bheith i láthair nuair a bheadh lá oscailte sa scoil (nó a leithéid) chun a ról a mhíniú do na tuismitheoirí.

Cuireadh síos ar roinnt moltaí eile a d'eascair as an gcruinniú a bhí ag an taighdeoir leis na príomhoidí i mí Dheireadh Fómhair na bliaina sin:

- Go gcuirfí Cúrsa Dioplóma i gCúntóireacht Teanga ar fáil dóibh.
- Go bhfostófaí Comhordaitheoir Oideachais i mbun na scéime i.e. duine a bheadh i dteagmháil laethúil/seachtainiúil leis na cúntóirí agus leis na príomhoidí agus a dhéanfadh monatóireacht leanúnach ar riachtanais na scoileanna agus na gcúntóirí.
- Go n-eagrófaí teacht le chéile do na cúntóirí uair in aghaidh na míosa.
- Go gcuirfí polasaí agus plean Gaeilge soiléir ar fáil i ngach scoil agus obair agus ról an chúntóra teanga a bheith leagtha amach sa phlean sin.
- Go gcuirfí clár oibre ar fáil don chúntóir teanga do gach téarma scoile agus go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn.
- Go gcuirfí fáilte roimh na gcúntóirí ar scoil agus go dtabharfaí cuireadh dóibh a bheith i láthair ag béilí/ceiliúradh foirne, srl.
- Go bpléadh an príomhoide na riachtanais atá ag an gcúntóir ó thaobh acmhainní (ábhar, leabhair, srl.).
- Go gcuirfí aiseolas ar fáil don chúntóir teanga ar a cuid/chuid oibre, trí mar shampla, cruinniú neamhfhoirmeálta gearr gach seachtain, athbhreithniú ar an gclár oibre gach mí agus athbhreithniú ar an gclár oibre agus measúnú ar an dul chun cinn atá déanta gach téarma.

Rinneadh athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga ar son na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán sa bhliain 2003 mar chuid d'athbhreithniú níos leithne de na scéimeanna a bhí ar fáil don Ghaeltacht. Is é an mhodheolaíocht a bhí in úsáid aige siúd sraith cruinnithe leis na cúntóirí a chur ar siúl sna cúigí éagsúla. Eagraíodh cruinniú i dTír Chonaill leis na múinteoirí ó na scoileanna a bhí ag baint úsáide as an scéim. Socraíodh cruinnithe i ngach réigiún chomh maith céanna do lucht riartha na scéime agus rinneadh suirbhé teileafóin le príomhoidí na scoileanna. Bailíodh eolas ar

líon na gcúntóirí agus scoileanna a bhí páirteach sa scéim agus léiríodh rátaí pá na gcúntóirí sna ceantair éagsúla ag an am sin. Bailíodh eolas ar chumas Gaeilge na bpáistí agus iad ag freastal ar scoil den chéad uair agus rinneadh suirbhé ar rogha teanga feidhme na mBord Bainistíochta.

Léiríodh ráta ard sástachta i measc na bpríomhoidí (97%) le scéim na gCúntóirí Teanga agus rinneadh roinnt mhaith moltaí sonracha i dtaobh na scéime. Tá achoimre ar fáil thíos de na moltaí a cuireadh ar fail:

- Go mbunófaí Coiste idir-rannach idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le buiséad a n-aontódh an dá Roinn air.
- Go mbeadh “Buiséad na gCúntóirí” á riar trí ghnáthchóras riaracháin na Roinne Oideachais ach go mbeadh státseirbhíseach ag leibhéal Príomhoifigigh freagrach as an scéim a bhainistiú.
- Go mbeadh ról lárnach ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chun comhairle agus eile a chur ar an gcoiste idir-rannach maidir le gach uile ghné den scéim.
- Go mbeadh gach uile ghné den scéim bunaithe ar thaighde agus go mbainfí úsáid as an scéim ar an gcoinníoll go gcuirfí Polasaí Teanga i bhfeidhm sa scoil.
- Go mbeadh na Cúntóirí fostaithe go lánaimseartha ag Bord Bainistíochta na Scoile ina n-oibríonn siad agus go mbeadh oiliúint ghairmiúil ar na cúntóirí sin.
- Go ndéanfaí monatóireacht ar dhul chun cinn na scéime chun an tairbhe atá á baint ag an bpáiste as a mheas agus go gcuirfí aon athrú is gá i bhfeidhm. (De Faoite, 2003: 4)

Ba bhaill foirne i Roinn na Tíreolaíochta, Ollscoil na hÉireann Gaillimh a sholáthraigh an tuarascáil. *Cothú na Gaeltachta sna Réigiúin Ghaeltachta – Anailís ar Scéim na gCúntóirí Teanga I Scoileanna Náisiúnta Gaeltachta* sa bhliain 2008 ar son Údarás na Gaeltachta. Dáileadh ceistneoirí ar na scoileanna suite sna ceantair Ghaeltachta sa scoilbhliain 2007-2008. I measc na gceisteanna a tháinig chun cinn san anailís a rinne Údarás na Gaeltachta:

- Cur leis an líon uaireanta i rith na seachtaine a bhfuil an Cúntóir ar fáil;
- Ról / Siollabas cinnte a chur ar fáil don Chúntóir Teanga;
- Teacht ar roinnt bealaí nuálacha chun úsáid a bhaint as na Cúntóirí Teanga;
- Ábhar Sonrach imní – ní bhíonn suim ag daoine post mar chúntóir Teanga a lorg de bhrí nach bhfuil pá saoire ná pá breoiteachta san áireamh sa scéim.

Macasamhail na dtuarascálacha eile léiríodh ardsástacht le Scéim na gCúntóirí Teanga agus ní raibh tuairimí diúltacha ann mar gheall ar an scéim. Tugadh faoi deara, áfach, agus an tuarascáil seo á scagadh, gurbh ionann na moltaí a bhí acu féin agus na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha eile a soláthraíodh roimhe sin. Aibhsíodh, mar shampla, an gá leis an Scéim a sholáthar i rith na scoilbhliana ar fad agus freisin gur chóir tús a chur le hobair na gCúntóirí Teanga ag tús scoilbhliana agus leanúint ar aghaidh go deireadh na scoilbhliana.

Is é *Scéim na gCúntóirí Teanga Togra Taighde* a chuir An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar bun sa bhliain 2012 an t-athbhreithniú is déanaí a rinneadh ar an scéim. Tógadh aiseolas ó na ceantair Ghaeltachta faoi leith. Tugadh cuairt ar chuid de na scoileanna a bhí páirteach sa scéim agus bailíodh eolas ó na rannpháirtithe, is iad sin, na cúntóirí, na múinteoirí, na príomhoidí, na tuismitheoirí, Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Muintearas Teoranta. Macasamhail na dtuarascálacha eile fuarthas amach go raibh leibhéal sástachta an-ard leis an scéim, na tuismitheoirí ina measc agus gur chreid na rannpháirtithe ar fad gur mhaith ann é. Tuairiscíodh, áfach, go raibh roinnt leasuithe le déanamh ar an scéim le go ndéanfadh sé freastal ní b'fhearr ar chumas Gaeilge pháistí na Gaeltachta. I measc na moltaí a cuireadh i láthair na Roinne bhí an méid seo a leanas:

- an cur chuige a fhorbairt le go mbeidh freastal níos fearr á dhéanamh ar ghasúir a dteastaíonn cabhair chuí uathu chun an Ghaeilge a shaibhriú in éindí le gasúir a bheith cuidithe chun an Ghaeilge a shealbhú;
- tacaíocht níos fearr a chur ar fáil dó na cúntóirí teanga (idir ábhar físiúil agus léitheoireachta) sa chaoi is go mbeidh siad in ann seirbhís níos fearr a sholáthar;
- clár oibre a fhorbairt (i gcomhar, go príomha leis na heagrais a ndéanann an scéim a sheachadadh thar ceann na Roinne agus An Roinn Oideachais);
- cúrsaí oiliúna do na cúntóirí i gcomhar, go príomha leis na heagrais a ndéanann an scéim a sheachadadh thar ceann na Roinne;
- cur i bhfeidhm na scéime ar bhonn áitiúil a threisiú trí ghrúpaí oibre a bhunú sna trí mhórcheantar Gaeltachta comhdhéanta de phríomhoidí, cúntóirí teanga, an dá eagras a riarann an scéim agus an Roinn féin;
- cur chuige na scéime a leasú le go mbeidh; teagmháil agus cumarsáid níos mó leis na teaghlaigh sin a fhaigheann tairbhe na scéime i dtreo an scéim a threisiú tuilleadh; comhairle chuí á cur ag na cúntóirí ar theaghlaigh maidir leis na seirbhísí tacaíochta teanga atá ar fáil dóibh chomh maith le comhordú cuí a bheith ar bun idir an tseirbhís seo agus obair na n-ionad tacaíochta teanga/(i gcás gur ann dóibh) eagrais ábhartha eile (Comhar na Naíonraí Gaeltachta/Údarás na Gaeltachta/Óige na Gaeltachta).

Moladh go láidir, fosta, go gcuirfí le líon uaireanta na gcúntóirí teanga, go gcuirfí áiseanna maithe ar fáil dóibh, go dtosódh na cúntóirí ag obair ag tús na scoilbhliana, go n-eagrófaí cruinnithe rialta idir na cúntóirí agus na rannpháirtithe eile agus go n-eagrófaí cruinnithe eatarthu féin.

Go hachomair, mar sin de, is féidir a rá gur baineadh úsáid as modhanna oibre éagsúla sna tuarascálacha a rinneadh go dtí seo agus gur le haon ghuth, beagnach an tuairim mheáite a bhí ag gach dream gur maith ann é Scéim na gCúntóirí Teanga. I measc na dtéamaí athfhillte a cuireadh faoi bhráid na Roinne ón bhliain 2001 ar aghaidh bhí na moltaí seo a leanas: Go ndéanfaí ról an chúntóra teanga a

shainiú do na cúntóirí agus do na scoileanna, go dtabharfaí tuilleadh oiliúna do na cúntóirí agus go leanfaí leis an obair ó thús go deireadh na scoilbhliana. Áitíodh go minic freisin go gcuirfí tuilleadh acmhainní ar fáil do na Cúntóirí Teanga a chuideodh leo a gcuid oibre a chur i gcrích agus chuir An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán airgead ar fáil chuige sin.

## 2.4 Conclúid

Rinneadh cur síos sa chuid seo den tuarascáil ar an ábhar litríochta a bhí mar bhunús ag an anailís. Rinneadh cur síos ar staid reatha na Gaeilge sa Ghaeltacht agus an tionchar atá aige sin ar chomhdhéanamh agus ar riachtanais na scoileanna Gaeltachta. Tugadh léargas ar chleachtais oideachais sa chomhthéacs idirnáisiúnta atá comhchosúil le Scéim na gCúntóirí Teanga ag féachaint chuige an bhfuil ceachtanna le foghlaim ó na réigiúin sin. Ar deireadh cuireadh torthaí na n-athbhreithnithe a rinneadh go dtí seo ar an Scéim i láthair. Tugtar aghaidh sa chéad chaibidil eile ar na modheolaíochtaí taighde ar baineadh leas astu sa taighde seo.

# 3. An Mhodheolaíocht

Leagadh amach na míreanna éagsúla san iarraidh ar thairiscintí agus ba iad a threoraigh an tionscadal taighde.

## Mír 1: Tionchar na scéime

Éifeachtacht na scéime ar fhoghlaim teanga agus rannpháirtíocht na ndaltaí a mheas agus moltaí sonracha (le costas measta ag gabháil leo) a dhéanamh ar na príomhghnéithe seo a leanas:

1. an chaoi a bhféadfaí an scéim a láidriú chun tacú tuilleadh le cainteoirí dúchais Gaeilge, chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge i limistéir Ghaeltachta;

2. an chaoi a bhféadfaí an scéim a threisiú le leanúnachas na foghlama agus forbairt teanga na ndaltaí idir an scoil agus an baile;

3. an chaoi a bhféadfaí eolas, cur chuige agus scileanna na gcúntóirí teanga, agus a n-ionchur foghlama teanga, a fheabhsú chun tacú tuilleadh le forbairt teanga na ndaltaí;

4. an chaoi a bhféadfaí tionchar teangeolaíoch na scéime ar chumas labhartha na Gaeilge a mheas;

5. na bealaí go bhféadfaí pé easnamh a bhaineann le cáilíochtaí, oiliúint, tacaíochtaí, modhanna oibre agus dualgais na gcúntóirí teanga a cheansú;

6. na bealaí a bhféadfaí monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar obair agus ar fheidhmíocht na gcúntóirí teanga;

7. na critéir ar chóir a úsáid chun go gcáileoidh scoil don scéim – ag cur san áireamh mar is cuí an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta (ROS) agus an próiseas pleanála teanga.

## Mír 2: Riaradh na scéime

An modh riaracháin reatha a mheas agus moltaí sonracha (le costas measta ag gabháil leo) a sholáthar maidir leis an gcaoi a bhféadfaí riaradh na scéime a fheabhsú tuilleadh ar mhaithe lena chinntiú go bhfuiltear ag fáil an luach is fearr is féidir as an ngné de chostas na scéime a bhaineann lena riaradh.

Bhaineamar úsáid as modheolaíocht mheasctha chomhthráthach sa taighde seo ina raibh dhá mhodh taighde in úsáid ceann i ndiaidh an chinn eile chun dul chomh domhain agus is féidir san iniúchadh agus chun anailís chuimsitheach a dhéanamh (Creswell, 2009). Chuige sin, bhaineamar úsáid as modh

cainníochtúil (ceistneoir) agus modh(anna) cáilíochtúil (agallaimh agus grúpaí fócais). Cuimsíodh trí ghrúpa ar leith rannpháirtithe don taighde, is iad sin na cúntóirí, príomhoidí na scoileanna ina bhfuil siad ag feidhmiú agus páirtithe eile leasmhara (m.sh. eagraíochtaí riartha na Scéime agus eagraíochtaí eile a bhfuil baint ag a gcuid oibre le haidhmeanna na Scéime). Bailíodh tuairimí agus taithí na gcúntóirí agus na bpríomhoidí trí cheistneoir a chur chucu uilig agus freisin trí ghrúpaí fócais le cúntóirí agus agallaimh le príomhoidí. Reáchtáladh grúpaí fócais agus agallaimh le rannpháirtithe ó na páirtithe leasmhara. Tugtar cuntas anseo ar na hionstraimí taighde a dearadh chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den scéim agus le heolas cuí a bhailiú ó pháirtithe uile na scéime.

## 3.1 Ceistneoirí na gcúntóirí teanga

Tugadh cuireadh do gach cúntóir a bheith rannpháirteach sa taighde trí cheistneoir poist a líonadh. Scaipeadh 82 ceistneoir agus fuarthas 49 (59.7%) freagra. Fiosraíodh sna ceistneoirí na gnéithe seo a leanas bainteach le hobair an chúntóra:

- Cúlra teanga, oideachais agus oiliúna;
- Obair an chúntóra ó lá go lá;
- Taithí ag obair mar chúntóir;
- Tacaíocht san obair mar chúntóir.

Bhí deis ag cúntóirí a dtuairimí féin faoin Scéim a nochtadh i bhfoirm ceisteanna oscailte freisin.

## 3.2 Ceistneoirí na bPríomhoidí

I gcás na bpríomhoidí, ba i bhfoirm ceistneora ar líne a fuair siad cuireadh a bheith rannpháirteach sa taighde ar an gcéad dul síos. Líon 38 príomhoide an ceistneoir amach, príomhoidí bunscoile 30 díobh sin agus príomhoidí iar-bhunscoile ochtar díobh. Fiosraíodh téamaí éagsúla sna ceistneoirí, mar atá:

- Cúlra sochtheangeolaíochta agus daonra na scoile;
- Obair an chúntóra;
- Feidhmiú agus éifeacht na scéime;
- Moltaí maidir le feabhsú na scéime.

Ach oiread leis na cúntóirí, bhí deis ag na príomhoidí a dtuairimí maidir leis an Scéim a nochtadh i bhfoirm ceiste oscailte.

## 3.3 Grúpaí fócais na gcúntóirí teanga

I dtaca leis na grúpaí fócais, theastaigh uainn taithí na gcúntóirí a fhiosrú níos doimhne. Thugamar cuairt ar na ceantair Ghaeltachta uilig agus tugadh cuireadh do gach cúntóir a bhí ar fáil páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais. Feictear i dTábla 3.1 gur ghlac 50 cúntóir páirt sna grúpaí fócais. Bunaíodh ceisteanna na ngrúpaí fócais ar mhír 3.1 thuas agus na nithe ba shuntasaí a tháinig chun cinn sna ceistneoirí. Cuardaíodh téamaí athfhillteacha agus rinneadh anailís ar thaithí na gcúntóirí agus iad i mbun oibre ar an Scéim. Cuirtear a dteistiméireachtaí siúd san áireamh agus torthaí an taighde á scagadh sa chéad chaibidil eile.

## 3.4 Agallaimh le príomhoidí

Chun cuntas níos iomláine maidir le tuairimí agus taithí na bpríomhoidí ar an scéim a fháil, chuir muid 18 nduine acu faoi agallamh ina scoileanna siúd le linn don fhoireann taighde bheith sna ceantair Ghaeltachta éagsúla. Bunaíodh ceisteanna na n-agallamh ar mhír 3.2 thuas agus na nithe ba shuntasaí a tháinig chun cinn sna ceistneoirí.

Tábla 3.1. Grúpaí fócais le Cúntóirí Teanga agus agallaimh na bPríomhoidí

| Ionad | Grúpaí Fócais (líon rannpháirtithe) | Agallaimh le Príomhoidí |
|---|---|---|
| Co. na Gaillimhe, Conamara | 2(11) | 5 |
| Co. Mhaigh Eo | 1(4) | 2 |
| Co. Dhún na nGall | 4(16) | 4 |
| Co. na Mí, Ráth Carn | 1 (3) | - |
| Co. Chiarraí, Corca Dhuibhne | 4(11) | 4 |
| Co. Phort Láirge, An Rinn | 1 (2) | 1 |
| Co. Chorcaí | 1 (3) | 2 |
| Iomlán | 14 (50) | 18 |

## 3.5 Eolas na dTuismitheoirí ar an Scéim

Ba léir ón taighde a rinneadh in 2012 nach raibh an oiread sin cur amach ag na tuismitheoirí ar an Scéim agus cé gur chreid siad ar fad gur mhaith ann é ba léir nach raibh mórán ar eolas acu ina thaobh. Theastaigh uainn fáil amach an raibh níos mó eolais anois ag na tuismitheoirí ina thaobh ná mar a bhí. Shocraíomar, mar sin, an cheist seo a iniúchadh trí na príomhoidí agus na cúntóirí a cheistiú faoi agus labhairt le tuismitheoirí faoin eispéireas a bhí acu leis an scéim. Cuireadh dhá ghrúpa fócais ar siúl. Fuarthas amach go raibh na tuismitheoirí ar aon ghuth iontach sásta go raibh an Scéim ann, go raibh siad den tuairim gur chuidigh sé le scileanna teanga na bpáistí. Tuigeadh ón dá ghrúpa gur tairgeadh an tseirbhís do na páistí agus nach raibh mórán teagmhála idir an scoil agus na tuismitheoirí mar gheall ar an Scéim. Thuairiscigh na cúntóirí agus na príomhoidí an rud céanna.

## 3.6 Agallamh le coistí áitiúla pleanála teanga

Síleadh gurbh fhiú teagmháil a dhéanamh le Coistí Áitiúla Pleanála Teanga féachaint an raibh mórán bainte acu le Scéim na gCúntóirí Teanga mar chuid den obair a bhí ar siúl acu. Rinneadh agallamh le ball de Choiste Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt. Tugadh le fios nach bhfuil aon bhaint ag an gCoiste le Scéim na gCúntóirí Teanga, agus nach dtugann siad, mar sin de, aon tacaíocht don scéim. Creideann siad go bhfuil a leithéid de scéim iontach tábhachtach do chaomhnú na teanga ach nach mbíonn aon teagmháil acu leis na scoileanna ar an cheist seo faoi láthair.

## 3.7 Agallaimh le páirtithe leasmhara

Chuamar i dteagmháil le páirtithe eile leasmhara na scéime d'fhonn a gcuid tuairimí a fháil faoin Scéim. I measc na bpáirtithe sin bhí an dá eagraíocht a dhéanann riaradh ar an Scéim, Muintearas Teoranta agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, oifigigh ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus oifigigh ón Roinn Oideachais. D'eagraíomar grúpaí fócais le baill den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus de Ghaeloideachas Teoranta.

## 3.8 Conclúid

Rinneadh cur síos sa chuid seo den tuarascáil ar chur chuige an taighde agus ar na modheolaíochtaí ar baineadh leas astu d'fhonn eolas a bhailiú agus d'fhonn anailís chruinn a dhéanamh ar an eolas sin freisin. Tugadh léargas ar na huirlisí taighde a úsáideadh chun tuairimí agus taithí rannpháirtithe an taighde seo ar scéim na gcúntóirí teanga a fhiosrú, is iad sin: ceistneoirí; agallaimh agus grúpaí fócais. Tugtar aghaidh sa chéad chaibidil eile ar an eolas a bailíodh agus an léargas a thugann an t-eolas sin dúinn ar éifeacht scéim na gcúntóirí teanga sa Ghaeltacht.

# 4. Torthaí an Taighde agus Plé


Tugtar sonraí anseo ar thorthaí an taighde seo mar a bhaineann sé le taithí na bpáirtithe leasmhara uile ar an Scéim. Bunaítear tátal agus moltaí na tuarascála ar na torthaí seo.

## 4.1 Próifíl na Scoileanna Gaeltachta

Maidir leis na scoileanna ina bhfuil na cúntóirí teanga ag saothrú, bunaítear próifíl na scoileanna sin ar thorthaí an cheistneora a dáileadh ar phríomhoidí na scoileanna sin. Níor mhiste a lua ag an staid seo go n-aithnítear gur tháinig ardú ar líon na scoileanna ina bhfuil cúntóirí teanga ag saothrú ó cuireadh tús leis an taighde seo. Baineann an próifíliú thíos leis an sampla scoileanna a bhí páirteach sa taighde agus cúntóirí ag obair sna scoileanna sin le linn na scoilbhliana 2017 - 2018.

### 4.1.1 Bunscoileanna na Gaeltachta

Tá 2,901 dalta ar na rollaí sna bunscoileanna ar bailíodh eolas fúthu i gceistneoir na bpríomhoidí. B'iad na príomhoidí a mheas go raibh siad ag feidhmiú i scoileanna i gceantair laga Ghaeltachta an grúpa is mó (46.6%) a d'fhreagair an ceistneoir. Mheas 26.6% agus 26.6% faoi seach go raibh siad i gceantair láidre Ghaeltachta agus ceantair mheasartha láidre Ghaeltachta. Tá idir 10 – 50 dalta ar an rolla ag 15 de na scoileanna agus ba é sin an grúpa ba líonmhaire, féach Figiúr 4.1.





**Figiúr 4.1.** Líon na mbunscoileanna de réir líon na ndaltaí ar an rolla

Bhí dáileadh réasúnta cothrom idir méid na scoileanna sna ceantair éagsúla Ghaeltachta (láidir, measartha láidir, lag[3] dar leis na príomhoidí) seachas nach bhfuil freagra againn ó aon bhunscoil i gceantar


[3] Baineadh úsáid as na céatadáin seo a leanas agus ceantair láidre, measartha láidir agus laga á rangú mar a fheictear i bhFigiúr 4.2: láidir - >67% den phobal ag labhairt na Gaeilge gach lá; measartha láidir - 43-66% den phobal 43%-66% den phobal ag labhairt na Gaeilge gach lá; lag - <43% den phobal ag labhairt na Gaeilge gach lá.

láidir Gaeltachta a bhfuil níos mó ná 200 dalta inti, agus, gur scoileanna i gceantair laga Ghaeltachta formhór mór na mbunscoileanna a bhfuil idir 10-50 dalta ag freastal orthu, féach Figiúr 4.2.




**Figiúr 4.2.** Líon na ndaltaí ar rollaí na scoileanna de réir cúlra sochtheangeolaíochta na scoile

Thuairiscigh 80% de na príomhoidí go bhfuil Gaeilge líofa ó dhúchas nó Gaeilge mhaith ag formhór na ndaltaí ina scoil féin. Bhí comhchoibhneas láidir idir a láidre is a bhí an Ghaeilge i gceantar na scoile agus staid na Gaeilge i measc na ndaltaí. Bhain dhá eisceacht leis seo áfach. Mheas 71% de na príomhoidí a dúirt go raibh siad ag feidhmiú i gceantair laga Ghaeltachta go raibh Gaeilge mhaith ag formhór na ndaltaí ina gcuid scoileanna cé nach raibh mórán acu á dtógáil le Gaeilge. Bhí beirt phríomhoidí a dúirt go raibh siad ag feidhmiú i gceantair láidre Ghaeltachta nach raibh Gaeilge líofa ó dhúchas ag formhór na ndaltaí - féach Figiúr 4.3.




**Figiúr 4.3.** Staid na Gaeilge i gceantar na scoile dar leis an príomhoidí

Is scoileanna DEIS c.50% de na bunscoileanna lena áirítear DEIS Banda 1, 2, agus DEIS Tuaithe. Níor léir aon chomhchoibhneas láidir idir stádas DEIS (banda 1, 2, tuaithe, nó gan stádas DEIS) agus cumas Gaeilge na ndaltaí ná láidre na Gaeilge sa cheantar.


## 4.1.2 Iar-Bhunscoileanna na Gaeltachta

Tá 1,431 dalta ar na rolla sna hiar-bhunscoileanna ar bailíodh eolas fúthu i gceistneoir na bpríomhoidí agus príomhoidí iar-bhunscoile a mheas go raibh siad ag feidhmiú i gceantar láidir Gaeltachta is mó a d'fhreagair an ceistneoir (5/8). Triúr príomhoidí eile a d'fhreagair an ceistneoir: beirt a mheas go raibh siad ag feidhmiú i gceantar measartha láidir, agus duine amháin a bhí ag feidhmiú i gceantar lag Gaeltachta. Bhí éagsúlacht mhór ann i measc na bpríomhoidí iar-bhunscoile ó thaobh líon na ndaltaí sna scoileanna de. Mar a léirítear i bhFigiúr 4.4 fuarthas freagraí ó scoileanna a bhfuil i bhfad níos mó agus i bhfad níos lú daltaí iontu freisin.





**Figiúr 4.4.** Líon na n-iarbhunscoileanna de réir líon na ndaltaí ar an rolla

Bhí éagsúlacht mhór ann freisin maidir le méid na scoileanna agus a láidre is bhí an Ghaeilge sna ceantair timpeall orthu - féach Figiúr 4.5.




**Figiúr. 4.5.** Iarbhunscoileanna i gceantair éagsúla Gaeltachta de réir líon na ndaltaí ar an rolla

Níor thuairiscigh aon phríomhoide iar-bhunscoile go raibh staid na Gaeilge lag i measc na ndaltaí ina gcuid scoileanna. Tá comhchoibhneas láidir idir a láidre is a bhí an Ghaeilge sa cheantar agus staid na Gaeilge i measc na ndaltaí - féach Figiúr 4.6.




**Figiúr. 4.6.** Iarbhunscoileanna i gceantair éagsúla Gaeltachta de réir chaighdeán Ghaeilge na ndaltaí

Maidir le cúlra teanga na ndaltaí, d'fhreastail 44% de na daltaí sa chéad bhliain ar bhunscoil lán-Ghaeilge agus bunaithe ar na sonraí a chuir na príomhoidí ar fáil tagann 53% de na daltaí sa Chéad Bhliain ó theaghlach ina labhraíonn tuismitheoir / caomhnóir amháin ar a laghad Gaeilge go rialta leis an bpáiste sa bhaile. Tá 2% de na daltaí atá sa Chéad Bhliain á dtógáil le teanga eile seachas Gaeilge nó Béarla.

Daltaí a raibh Gaeilge líofa chruinn acu an grúpa is líonmhaire (51%) a chláraigh sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2018. Bhí Gaeilge measartha líofa nó Gaeilge chruinn líofa ag (37%). Bhí 12% díobh a bhí ar bheagán Gaeilge (9%) nó gan Gaeilge ar bith (3%).

Ní raibh stádas DEIS ag formhór na n-iarbhunscoileanna (75%). Bhí scoil amháin a raibh stádas DEIS Banda 1 aici agus scoil eile a raibh stádas DEIS Tuaithe aici.

## 4.2 Cuspóirí Scéim na gCúntóirí Teanga

Bhí aontú ar an iomlán i measc rannpháirtithe an taighde gurb é cuspóir na Scéime cuidiú leis na gasúir feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus a húsáid a spreagadh. Dúirt 95.1% de na cúntóirí go dtuigeann siad a ról féin sa scéim. Nuair a bunaíodh an Scéim ba d'fhonn cabhrú le foghlaimeoirí Gaeilge a cuireadh tús léi. Tháinig athrú air sin in 2012 nuair a cuireadh riachtanais na gcainteoirí dúchais san áireamh agus ceadaíodh maoiniú agus uaireanta breise le haghaidh saibhriú teanga. D'fhág sé sin dhá ghné sa scéim (i) cabhrú le foghlaimeoirí an Ghaeilge a shealbhú, agus (ii) Gaeilge na gcainteoirí dúchais a shaibhriú.

Is é an tuiscint a bhí ag príomhoidí na scoileanna ar an saibhriú, gníomhaíochtaí agus cleachtais thaitneamhacha mar drámaíocht agus ceol a bheadh dírithe ar dhaltaí arb í an Ghaeilge a dteanga baile nó sin a bhfuil ard-chumas acu cheana féin sa teanga. Is é sprioc na ngníomhaíochtaí dar leo an cumas sin a threisiú. Measann na heagrais riartha go bhfuil an-tábhacht leis na gníomhaíochtaí seo agus go mbaineann go leor buntáistí leo, sa mhéid is go dtreisíonn siad na healaíona dúchais sa cheantar agus bíonn deis ag óige an cheantair cleachtadh a fháil ar na taibhealaíona.

Tháinig sé chun solais san athbhreithniú nach bhfuil an t-idirdhealú sin idir sealbhú agus saibhriú teanga cuiditheach a thuilleadh agus gurbh fhearr é a fhágáil faoin scoil uaireanta na gcúntóirí a dháileadh de réir riachtanas na ndaltaí atá sa scoil acu. Thuairiscigh beagnach leath de na príomhoidí, 46.6%, go raibh siad ag feidhmiú i scoileanna i gceantair laga Ghaeltachta agus gach seans gur beag cainteoir dúchais a bheadh ag freastal ar na scoileanna seo.


Cé gur fháiltigh na rannpháirtithe roimh sholúbthacht na Scéime, bhí tuairim láidir ann go gcabhródh cuspóirí níos soiléire agus treoir níos cinnte le scoileanna an Scéim a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs seo d'fháilteofaí roimh chreat siollabais agus spriocanna dul chun cinn a bheadh mar thaca ag scoileanna agus ag na cúntóirí iad féin agus iad ag pleanáil don chúntóireacht teanga. Ba mhór idir an cur chuige a bheadh feiliúnach le gasúir sna ranganna naíonán agus daltaí iar-bhunscoile.


## 4.3 Próifíl na gCúntóirí: Cúlra, oideachais agus oiliúna

Áirítear cosúlachtaí agus éagsúlachtaí áirithe i bpróifíl na gcúntóirí teanga agus tugtar cuntas anseo ar chúlra oideachais agus oiliúna na gcúntóirí mar aon leis an tacaíocht atá ar fáil dóibh i láthair na huaire faoi scáth na Scéime.

## 4.3.1 Cúlra teanga na gcúntóirí teanga


Tá an chuid is mó de na cúntóirí a líon amach an ceistneoir os cionn 45 bliain d’aois. Bhí 49% acu san aoisghrúpa 46-55. Bhí céatadáin níos lú sna aoisghrúpaí eile, 14% idir 56-65 agus 14% os cionn 65. Is mná a bhí i bhformhór na gcúntóirí cé is móide de bheirt fhear.








**Figiúr 4.7.** Líon na gcúntóirí de réir aoise **Figiúr 4.8.** Líon na gcúntóirí de réir inscne

Ó thaobh cúlra teanga de, tá cúlra láidir teanga ag an mhórchuid acu. Tógadh beagnach gach duine acu le Gaeilge mar phríomhtheanga bhaile. Labhair 50% de na cúntóirí teanga Gaeilge amháin sa bhaile agus iad ag éirí aníos. Labhair 45% meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla (idir Ghaeilge den chuid is mó agus Bhéarla den chuid is mó san áireamh san fhigiúir sin). Níor labhair ach 5% acu Béarla amháin sa bhaile. Rinne 74% de na cúntóirí cur síos orthu féin mar chainteoirí dúchais Gaeilge. Dúirt cúntóirí eile gur cainteoirí an-líofa (9%) nó cainteoirí líofa (5%) iad. Níor fhreagair 12% de na cúntóirí an cheist seo.




**Figiúr. 4.9.** Líon na gcúntóirí de réir cúlra teanga




**Figiúr 4.10.** Líon na gcúntóirí de réir cumais teanga féintuairiscithe

## 4.3.2 Cúlra oideachais agus oiliúna na gcúntóirí teanga

Maidir leis an scolaíocht a fuair siad, bhí 87.5% acu ar bhunscoil lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht, duine amháin ar ghaelscoil taobh amuigh den Ghaeltacht agus ceathrar ar bhunscoil Bhéarla taobh amuigh den Ghaeltacht. Bhí an mhórchuid acu (74%) ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (sa Ghaeltacht nó taobh amuigh di) freisin. Fágann seo go bhfuair an chuid is mó de na cúntóirí a gcuid oideachais bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta trí mheán na Gaeilge.

Tá cáilíocht tríú leibhéal ag 73.2% de na cúntóirí. Tá céim nó dioplóma dhá bhliain curtha i gcrích ag 41.5%. Tá céim B.A. ag 24.4% de na cúntóirí agus tá céim M.A. ag 7.3% acu. Tá cúlra leathan oiliúna i measc na gcúntóirí teanga a ghlac páirt sa tionscadal taighde seo agus a bhformhór tar éis tréimhse a chaitheamh ag saothrú in earnáil na réamhscolaíochta agus oiliúint ábhartha don earnáil sin curtha i gcrích acu dá réir. Dar leo gur buntáiste na cúrsaí oiliúna sin agus go háirithe do na cúntóirí a bhíonn ag plé le daltaí óga sna ranganna sóisearacha. Tá cáilíochtaí FETAC de chineálacha éagsúla ag 51% de na cúntóirí. I measc na gcáilíochtaí a bhí ag na cúntóirí, le taobh cáilíochtaí teanga atá ag cuid acu, tá oiliúint i gcúram leanaí agus cúrsaí ginearálta oiliúna a dhéantar sna scoileanna ina bhfuil siad ag obair mar shampla cúrsa garchabhrach.

## 4.3.3 An Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach sa scéim

Léirigh 75.6% de chúntóirí teanga go gcuireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne / Muintearas Teoranta go leor tacaíochta ar fáil dóibh chun a gcuid oibre a chur i gcrích. I gcomparáid leis sin, braitheann 92.6% acu go gcuireann an scoil / na scoileanna ina n-oibríonn siad go leor tacaíochta ar fáil dóibh mar chúntóir.

Is cuid thábhachtach de chur i bhfeidhm éifeachtach na scéime, an oiliúint cheart a bheith ar na cúntóirí agus b'fhéidir níos tábhachtaí ná sin is ea an dearcadh atá ag na cúntóirí maidir lena scileanna

féin mar a bhaineann siad le hobair na scéime. Creideann 75.6% de na cúntóirí a ghlac páirt sa taighde seo gur leor an traenáil a fuair siad le bheith ina gcúntóirí éifeachtacha teanga. Creideann 97.5% acu, áfach, go mbeadh tuilleadh deiseanna chun a gcuid scileanna mar chúntóirí teanga a fhorbairt tairbheach dóibh.

Maidir lena gcuid scileanna teanga, léirigh 66.7% de na cúntóirí an tuairim go dteastaíonn tuilleadh deiseanna uathu a gcuid scileanna Gaeilge a fhorbairt. Tá sé seo suimiúil nuair a chuirtear san áireamh go ndearna trí cheathrú cuid acu cur síos orthu féin mar chainteoirí dúchais Gaeilge agus fuair an méid céanna acu a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. Léiríonn an toradh seo go n-aithníonn na cúntóirí go bhfuil seit scileanna teanga ar leith ag teastáil le feidhmiú go héifeachtach mar chúntóirí teanga. I gcás roinnt cúntóirí, tugtar cuireadh dóibh freastal ar chúrsaí den fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bhíonn á soláthar d'fhoireann uile na scoile dírithe ar theagasc teangacha.

In ainneoin bhuntáiste na hoiliúna sin, léirigh go leor acu an tuairim go bhfuil bearna san oiliúint go háirithe sna cleachtais sin a bheadh oiriúnach do na daltaí sna ranganna sinsearacha agus sna hiar-bhunscoileanna. Dar le cúntóirí áirithe go bhfaigheann an cúntóir eolas ar bhonn neamhfhoirmiúil a bheadh mar thaca leis an gcleachtas agus go dtarlaíonn sé sin ar láthair na scoile. Dar le cuid acu go bhfuil an-chosúlachtaí sna riachtanais oiliúna a bheadh ag múinteoirí agus cúntóirí agus go bhfuil féidearthacht ann freastal ar na riachtanais sin in aon fhóram amháin.

Is léir ó theistiméireachtaí na gcúntóirí mar sin go bhfuil ról lárnach ag na scoileanna a bhfuil siad ag obair iontu mar aon le múinteoirí na scoileanna sin i bhforbairt ghairmiúil na gcúntóirí, fiú más go neamhfhoirmiúil féin é. Tá seo amhlaidh go háirithe i dtaobh áiseanna teagaisc agus foghlama a sholáthar. In ainneoin deiseanna áirithe bheith ar fáil le haghaidh na forbartha gairmiúla, dar leis na cúntóirí teanga uile atá ag obair leis an Scéim go bhfáilteoidís go mór roimh an deis teacht le chéile le cúntóirí eile mar aon ghrúpa amháin ar bhonn rialta d'fhonn a gcleachtas a phlé agus a roinnt. Dúirt 48.8% de na cúntóirí nach mbíonn go leor cruinnithe nó go leor ceardlann do chúntóirí ina bhféadfaidís casadh le chéile chun obair na scéime a phlé agus a gcuid scileanna a fhorbairt. Buntáiste a bheadh leis an teacht le chéile seo, dar leo, is ea an deis a bheith ag cúntóirí na dúshláin ghairmiúla bainteach lena gcleachtas a phlé agus treoir a fháil ar na dea-chleachtais a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

Maidir leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chuirtear ar fáil go sonrach do na cúntóirí reatha mar chuid den Scéim, is léir go bhfuil cur chuige éagsúil ag an dá scátheagraíocht - Muintearas Teoranta agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne - ina leith seo. Luaigh roinnt rannpháirtithe atá ag obair leis an Scéim le fada faoi scáth Mhuintearas Teoranta gur cuireadh lá traenála ar fáil in óstán i gcontae na Gaillimhe roinnt blianta ó shin. Ní heol do na cúntóirí ar cuireadh a leithéid d'ócáid ar fáil ó shin i leith agus is beag taithí atá ag cúntóirí a thosaigh le blianta beaga anuas ar an gcineál sin oiliúna. Fiosraíodh leis na cúntóirí na deiseanna a bhíonn acu teacht le chéile ar mhaithe leis an oiliúint nó ar mhaithe le sprioc ar bith eile agus i gcás na gcúntóirí teanga atá ag obair faoi scáth Mhuintearas Teoranta; maíodh gur beag deis a bhíonn acu chuige sin. Ó thaobh na hoiliúna a chuireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne ar fáil go sonrach do Scéim na gCúntóirí Teanga, dúirt cúntóirí go dtagann siad le chéile roinnt uaireanta sa bhliain. Is gnách

go dtagann aoichainteoir chuig na seisiúin seo chun plé a dhéanamh ar ghné ar leith den chleachtas a bheadh mar chabhair do na cúntóirí teanga. Níor mhiste a lua go dtugann na cúntóirí uile ard-moladh don dá eagraíocht agus go n-aithníonn na cúntóirí go bhfuil srianta áirithe orthu maidir le feidhmiú na Scéime.

Ag cur nádúr na hoibre san áireamh, bheadh sé deacair cáilíocht ar leith a lua mar bhunch____áilíocht do phost an chúntóra ach sárchumas Gaeilge agus dúil a bheith ag obair le páistí faoi mar a luadh thuas. Bhain taithí luachmhar saoil agus go minic taithí mar thuismitheoirí leis na cúntóirí agus is taithí í seo nach bhfaighfeá ar chúrsa léinn. Fágtar mar sin gur oiliúint sa phost is fearr a fheileann. An cleachtas go dtí seo, áfach, ná b'iondúil gurb iad na cúntóirí féin a chinn tabhairt faoi oiliúint a chur orthu féin agus i roinnt cásanna a d'íoc as an oiliúint freisin, ábhar míshástachta do roinnt cúntóirí ab ea seo. Ba mhinic gur tháinig cúntóirí ar chleachtas éifeachtach trí rudaí éagsúla a thriail bliain i ndiaidh bliana agus aithris a dhéanamh ar na cleachtais is mó a raibh toradh dearfach leo. I gcásanna eile ba go neamhfhoirmiúil a fuair na cúntóirí eolas a bheadh mar thaca ag an gcleachtas agus gur tharla sé sin ar láthair na scoile. Bhí bearna san oiliúint go háirithe sna cleachtais sin a bheadh oiriúnach do na daltaí sna ranganna sinsearacha agus sna hiar-bhunscoileanna nach mór aghaidh a thabhairt air. I gcás na gcúntóirí sin a bhí i mbun oibre le cúig bliana dhéag anuas nó os a chionn sin, thagair roinnt suntasach díobh de dhioplóma a thugadar faoi sa Sealbhú Teanga agus Forbairt Linbh. Cúrsa a bhí anseo a bhí deartha do chúntóirí teanga agus á reáchtáil ag grúpaí éagsúla, cé go dtuigtear gurb iad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an institiúid oideachais is deireanaí a luaitear leis. Dar leis na cúntóirí go ndeachaigh an cúrsa sin go mór i bhfeidhm ar a gcleachtas agus go bhfuil siad go fóill ag tarraingt as na hacmhainní agus as na dea-chleachtais a fuair siad mar chuid den chúrsa sin. Ní gá, áfach, agus cúrsaí oiliúna á moladh do na cúntóirí teanga gur cúrsa cáilíochta is fearr a d'fheilfeadh.

Beag beann ar chúrsa cáilíochta a chuirfí ar fáil, tá sé soiléir go dteastaíonn ó na cúntóirí teanga deis a bheith acu dea-chleachtais a roinnt lena gcomhghleacaithe i scoileanna eile. Is cinnte go rachadh teacht le chéile den chineál seo chun leasa na gcúntóirí agus a bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus freisin chun leasa na ndaltaí faoina gcúram. Molaimid go mbeadh deis ag na cúntóirí teacht le chéile faoi dhó in aghaidh na bliana ar bhonn réigiúnach.


## 4.4 Obair an chúntóra ó lá go lá

Tugtar cuntas anseo ar leagan amach obair an chúntóra teanga agus bunaítear an cur síos seo ar thaithí rannpháirtithe uile an taighde.

### 4.4.1 Leithdháileadh na n-uaireanta

Aon chúntóir amháin a bhí ag obair i bhformhór mór na mbunscoileanna (86.7%). Tá éagsúlacht mhór ann maidir leis an líon uaireanta sa tseachtain a oibríonn na cúntóirí. Is 9.3 an meánlíon uaireanta a oibríonn

na cúntóirí, dar leis na príomhoidí. Tá cúntóirí ann atá ag obair 3 huaire sa tseachtain agus duine eile ag obair 21 uair. Féach Figiúr 4.11.




**Figiúr. 4.11.** Líon na scoileanna de réir líon uaireanta na gcúntóirí teanga

Ainneoin gur cúntóir amháin a bhíonn i ngach aon scoil den chuid is mó, aithnítear go mbíonn cúntóirí i mbun oibre i níos mó ná scoil amháin. Tá aon chúntóir déag ag obair in dhá scoil (ar feadh idir 2.15 uair agus 14 huaire). Tá ceathrar i dtrí scoil (idir 2 agus 11 uair an chloig) agus tá duine amháin ag obair i gceithre scoil (2 uair an chloig i ngach ceann acu). Dúirt 90% de na cúntóirí, áfach, gur mhaith leo tuilleadh uaireanta scéime.

Bhí éiginnteacht ann maidir le cé a dhéanann cinneadh maidir le dáileadh uaireanta an chúntóra sna scoileanna éagsúla. Deir an dá eagraíocht riartha gurb iad an Roinn a dhéanann cinneadh faoi cén líon uaireanta d'am cúntóra teanga a chaitear i ngach scoil cé nach bhfuil sé iomlán soiléir cén réasúnaíocht a mbaintear leas aisti sa chás go bhfuiltear ag iarraidh éileamh a dhéanamh ar bhreis uaireanta don scoil, go háirithe na scoileanna sin a bhfuil ardú tagtha ar líon a gcuid daltaí. Aithnítear freisin ár ndóigh go bhfuil ardú tagtha ar líon na n-uaireanta atá ceadaithe faoin Scéim i gcomhthéacs an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus go bhfuil gá cur chuige a aontú a dhéanfadh soiléiriú ar leithdháileadh na n-uaireanta seo.

I láthair na huaire, tá an-éagsúlacht i líon na n-uaireanta cúntóireachta a bhronntar ar gach scoil agus níl sé soiléir cén bunús atá leis an leithdháileadh reatha. Is mian le príomhoidí go gcuirfí líon na ndaltaí sa scoil san áireamh agus líon na n-uaireanta á ríomh. Moltar go leanfaí le híoslíon uaireanta do gach scoil ach go gcuirfí scála i bhfeidhm faoi mar atá á dhéanamh leis na huaireanta breise páirtaimseartha tacaíochta teanga faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (An Roinn Oideachais, 2018a, 2018b, 2019). Léirítear leithdháileadh samplach i dTábla 4.1. Níl anseo ach sampla agus ba ghá na himpleachtaí a chíoradh go cúramach sula nglacfaí aon chinneadh ina thaobh.

**Tábla 4.1.** Dáileadh na n-uaireanta cúntóireachta teanga de réir líon na ndaltaí sa scoil

| Rollúchán bunscoile | Líon uaireanta do chúntóireacht teanga in aghaidh na seachtaine le haghaidh na scoile |
|---|---|
| <28 | 6 |
| 28-54 | 11 |
| 54-83 | 14 |


| | |
|---|---|
| 84-142 | 17 |
| 143-175 | 20 |
| >175 | 22 |
| **Rollúchán iar-bhunscoile** | Líon uaireanta do chúntóireacht teanga in aghaidh na seachtaine le haghaidh na scoile |
| <100 | 6 |
| 100-200 | 11 |
| >200 | 14 |

Bheadh an scála agus líon na n-uaireanta ag brath ar acmhainní airgid bhreise don Scéim féin dar ndóigh. Maidir leis an idirdhealú idir sealbhú agus saibhriú teanga, mar atá luaite, moltar go dtarraingeofaí an dá chleachtas faoi aon mhúnla amháin agus gurbh fhearr é a fhágáil faoin scoil uaireanta na gcúntóirí a dháileadh de réir riachtanas teanga na ndaltaí atá sa scoil acu. Moltar níos mó uaireanta, ar an meán, a bhronnadh ar bhunscoileanna agus go mbeadh obair na gcúntóirí sna hiar-bhunscoleanna dírithe ar dhaltaí i mBliain 1, 2, agus daltaí ar bheagán Gaeilge a thagann isteach chun na scoile chuig blianinghrúpaí eile.


## 4.4.2 Leagan amach obair an chúntóra

Tá nósanna imeachta éagsúla ó scoil go scoil maidir leis an gcaoi a socraítear cé na daltaí a n-oibríonn an cúntóir teanga leo agus bíonn níos mó ná nós amháin in úsáid in go leor scoileanna. Próiseas comhairleach idir na páirtithe leasmhara a bhíonn i gceist den chuid is mó. An dá phróiseas is coitianta ná i) *próiseas comhairleach idir an príomhoide, an múinteoir ranga agus an cúntóir teanga* (41.4%) agus ii) *próiseas comhairleach idir an príomhoide agus an múinteoir ranga* (41.4%). Bhí an príomhoide lárnach sa phróiseas roghnúcháin seachas i gcás dhá scoil agus sa dá chás sin ba é an múinteoir ranga a rinne an cinneadh.


Léiríonn freagraí na gcúntóirí ar cheisteanna a bhain le hobair na scéime an éagsúlacht atá ann maidir le cur i bhfeidhm na scéime agus riachtanais na scoileanna atá páirteach inti. Maidir leis an tréimhse ama teagmhála a bhíonn acu leis na daltaí, caitheann an mhórchuid acu 20 nóiméad (33.3%) nó 30 nóiméad (41%) sna seisiúin leo. Caitheann duine amháin (2.6%) 10 nóiméad; cúigear (12.8%) 40 nóiméad; duine amháin (2.6%) caoga nóiméad agus triúr (7.7%) 60 nóiméad leo. Tá sé seo léirithe i bhfigiúr 4.12 thíos. Bíonn siad ag obair leis na daltaí i ngrúpaí beaga den cuid is mó: 2-5 dalta (37.5%) nó 6-10 (47.9%). Tá sé seo léirithe i bhFigiúr 4.13 thíos. Tarlaíonn go leor den teagmháil seo taobh istigh den seomra ranga. Ní bhíonn ach 7% de na cúntóirí ag obair le daltaí taobh amuigh den rang. Cé gur dhúirt 32% acu go mbíonn siad ag obair le daltaí taobh istigh den rang, bíonn meascán den dá chur chuige i gceist ag 61% de na cúntóirí. Tá sé seo léirithe i bhFigiúr 4.14 thíos.




**Figiúr 4.12.** Céatadán na gcúntóirí de réir fhad na seisiún





**Figiúr 4.13.** Céatadán na gcúntóirí de réir líon na ndaltaí a bhíonn ina seisiúin




**Figiúr 4.14.** Céatadán na gcúntóirí de réir cur chuige chur i bhfeidhm na scéime

Maidir leis na straitéisí a úsáideann siad sa seomra ranga, baineann na cúntóirí úsáid as na straitéisí seo a leanas: Scéalta a insint 36 (87.8%); Rainn, dánta, amhráin a rá 33 (80.5%); Éisteacht le scéilíní agus nuacht na ndaltaí 34 (82.9%); Éisteacht le daltaí ag léamh 33 (80.5%); Bileoga oibre a dhathú nó a chríochnú 19 (46.3%); Agallaimh nó lúibíní a mhúineadh do dhaltaí 21 (51.2%); Drámaí beaga a eagrú ina mbíonn na daltaí páirteach 24 (58.5%); Áiseanna teagaisc agus foghlama a chruthú 20 (48.8%); Cluichí teanga a imirt leis na daltaí 40 (97.6%); Dul siar ar obair an ranga 27 (65.9%); Ag spraoi leis na daltaí ag am sosa 15 (36.6%). Tá sé seo léirithe i bhFigiúr 4.15 thíos.




**Figiúr 4.15**. Céatadán na gcúntóirí a úsáideann straitéisí éagsúla teagaisc

Bunaithe ar theistiméireachtaí rannpháirtithe an taighde, is iondúil go nglacann cúntóirí daltaí amach ón seomra ranga agus dírítear ar chleachtais teanga leo mar ghrúpaí. Is minic go mbíonn na grúpaí sin deighilte de réir a gcumas sa Ghaeilge. Den chuid is mó baineann cúntóirí leas as cluichí agus rannta / scéalta ar mhaithe le hionchur teanga a thabhairt do na daltaí agus deis a thabhairt dóibh an teanga sin a úsáid laistigh agus lasmuigh de thimpeallacht na scoile. Bíonn na straitéisí seo ceangailte go dlúth leis an obair a bhíonn ar bun ag an múinteoir ranga ar théamaí an churaclaim, de ghnáth. Is iondúil freisin go nglacann an cúntóir teanga treoir ón múinteoir ranga maidir leis na téamaí atá idir lámha sa seomra ranga agus bunaítear na gníomhaíochtaí orthu sin. Tugtar faoi deara agus taithí na gcúntóirí teanga á scagadh go ndírítear formhór na gcleachtas saibhrithe agus tacaíochta teanga ar na ranganna sóisearacha sa mhéid is gur minic a bhíonn an cúntóir teanga ag obair leis na daltaí sin, mar rang iomlán nó i ngrúpaí, ar bhonn laethúil.

Glactar na meánranganna agus na ranganna sinsearacha sa bhunscoil roinnt uaireanta sa tseachtain agus dírítear ar chleachtais eile leo siúd, e.g. léitheoireacht. Dar leis na cúntóirí go mbíonn sé deacair acu go minic teacht ar ábhar a bheadh oiriúnach dá leibhéal foghlama agus ábhar a bhainfeadh an aoisghrúpa áirithe sin taitneamh as freisin.

Braitheann an rochtain atá ag an gcúntóir ar sheomra ar leith ar an bhfáil a bheadh ar a leithéid sa scoil féin. Dar le formhór na gcúntóirí gur buntáiste as cuimse dóibh féin agus do na daltaí a leithéid de spás a bheith acu toisc go mbíonn deis ag an gcúntóir áiseanna a bheadh mar thaca don fhoghlaim a bheith ar taispeáint. Tugann na cúntóirí le fios go bhfuil brú spáis ar go leor bunscoileanna Gaeltachta agus go mbíonn an seomra breise ag teastáil go minic ó ghrúpaí eile agus go mbíonn tionchar aige sin ar rochtain an chúntóra air.

Léiríonn an taighde seo go bhfuil líon i bhfad níos ísle cúntóirí atá ag saothrú in iar-bhunscoileanna Gaeltachta ná mar atá sna bunscoileanna agus go bhfuil cruth éagsúil ar na cleachtais teagaisc agus foghlama a bhíonn ar bun sna suíomhanna sin. Dar leis na cúntóirí go bhfuil sé thar a bheith dúshlánach ábhar oiriúnach do na grúpaí seo a aimsiú agus gur mó drogall a bhíonn ar dhaltaí den aoisghrúpa seo dul i mbun cainte go nádúrtha ná mar a bheadh ar dhaltaí níos óige. Go minic sna cásanna seo is obair acadúil a bhíonn ar bun ag na cúntóirí agus an bhéim ar dhaltaí a ullmhú i gcomhair scrúduithe stáit.

Léirigh an mhórchuid de na cúntóirí (57.5%) go mbíonn siad ag obair le daltaí a bhfuil meascán cúlra teanga acu, i.e. daltaí ar bheagán Gaeilge agus daltaí a bhfuil an Ghaeilge ó dhúchas acu. Dúirt 40% acu, áfach, go mbíonn siad ag obair le daltaí atá ar bheagán Gaeilge amháin. Ní bhíonn ach duine amháin de na cúntóirí ag obair le daltaí a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu amháin.

Braitheann na cúntóirí go léir go bhfuil feabhas mór tagtha ar chumas Gaeilge na ndaltaí ar oibrigh siad leo mar thoradh ar an Scéim. Léirigh 97.5% de na cúntóirí an tuairim go bhfuil dearcadh na ndaltaí ar oibrigh siad leo i leith na Gaeilge tar éis feabhsú go mór mar thoradh ar an scéim. Tá 92.7% acu den tuairim go bhfuil féinmheas agus féinmhuinín na ndaltaí ar oibrigh siad leo i leith na Gaeilge tar éis feabhsú go mór mar thoradh ar an scéim.

Léirigh na cúntóirí go léir an tuairim gur bhain na daltaí ar oibrigh siad leo sult as seisiúin na scéime agus gur ghlac na daltaí ar oibrigh siad leo páirt ghníomhach i seisiúin na scéime. Tá siad ar fad den tuairim freisin go bhféadfadh dul chun cinn i bhfad níos fearr a dhéanamh dá mbeadh tuilleadh uaireanta acu le bheith ag obair leis na daltaí.

## 4.5 Tréimhse Oibre an Chúntóra

Tugann formhór na gcúntóirí le fios go bhfuil siad míshásta leis an gcur chuige reatha maidir le tréimhse oibre an chúntóra faoin Scéim de réir mar a bhaineann sé le dáta tosaigh na hoibre, briseadh sa tseirbhís i rith na bliana agus freisin an cur chuige a ghlactar chun an t-eolas sin a chur in iúl do na cúntóirí iad féin.

Mhínigh siad go gcuirtear dáta tosaigh an chúntóra in iúl don chúntóir teanga go hiondúil agus an scoilbhliain tosaithe cheana féin agus is go gairid ina dhiaidh sin a thosaítear ar an obair. Dar leis na cúntóirí go gcothaíonn an fógra gearr seo an-mhíshuaimhneas ina measc toisc nach bhfuil cinnteacht ar bith acu ón uair a thagann deireadh leis an scéim (thart ar mhí na Bealtaine) go dtí lá nó dhó sula gcuirtear tús arís leis (deireadh mhí Mheán Fómhair go lár mhí Dheireadh Fómhair). Is léir ó ráitis na gcúntóirí teanga go bhfuil siad an-mhíshásta leis an gcur chuige reatha seo agus go mbíonn tionchar diúltach aige ar an deis a bheadh acu glacadh nó gan glacadh le hobair eile idir an dá linn.

Is é tuairim fhormhór na gcúntóirí go rachadh sé go mór chun leasa foghlama na ndaltaí agus na scoileanna féin dá gcuirfí tús leis an scéim i dtús mhí Mheán Fómhair. Dar leo gur tréimhse thar a bheith tábhachtach í seo i bhforbairt teanga an dalta, agus tá roinnt mhaith díobh tar éis samhradh fada a chaitheamh gan ionchur Gaeilge ar bith sula dtosaíonn siad ar ais ar an scoil. Ba mhór an chabhair cúntóir

teanga a bheith ar fáil chun ionchur agus taithí teanga an dalta a threisiú le linn na tréimhse seo chun a chinntiú nach dtagann maolú ar leibhéil úsáide teanga sa scoil trí chéile.

Tá údar praiticiúil leis an dáta tosaigh a thabhairt chun cinn freisin, dar leo, toisc gur le linn na tréimhse seo a bhíonn tráthchláir agus sceideal seomraí á leagan amach agus go mbíonn an cúntóir ag cur isteach go mór air seo nuair a thosaíonn sé / sí agus an scoilbhliain faoi lán seoil.

Cé go bhfuil roinnt cúntóirí den tuairim go mbeadh sé tábhachtach d'fhorbairt teanga na ndaltaí an cúntóir a bheith sa scoil go dtí deireadh na bliana, dar lena bhformhór gur tábhachtaí i bhfad tosú i dtús na scoilbhliana d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar chumas agus ar iompar teanga daltaí na scoile.

Moladh mar chuid d'athbhreithnithe roimhe seo go gcuirfí an Scéim ar bhonn timthriallach trí bliana ar a laghad agus go dtabharfaí fógra do chúntóirí an dáta tosaigh a bheidh acu sa chéad scoilbhliain eile sula gcríochnaíonn siad a gconradh sa scoilbhliain reatha agus molann páirtithe leasmhara uile an taighde cur chuige den chineál seo. Mheas rannpháirtithe go mbainfeadh go leor buntáistí lena leithéid de mhúnla. I measc na mbuntáistí a tháinig chun solais tá:

- laghdú ar ualach riaracháin bliantúil a bhíonn ar An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ar na heagrais riartha maidir leis na Comhaontuithe Seirbhíse a phróiseáil;
- réiteach ar an míshástacht a eascraíonn as an éiginnteacht maidir le leanúnachas na scéime;
- deis pleanála níos fadtéarmaí do na scoileanna agus do na heagrais riartha;
- laghdú de bheagán ar ualach bliantúil riaracháin an chúntóra;
- post níos tarraingtí a chur ar fáil a mheallfadh iarrthóirí láidre;
- deis oiliúna níos fadtéarmaí a chur ar na cúntóirí agus go bhfeicfeadh na cúntóirí an fiúntas a bhaineann lena n-oiliúint féin;
- laghdú ar an ráta laghdaithe i measc cúntóirí teanga a ghlacann le hobair eile mar thoradh ar an éiginnteacht poist.

## 4.6 Íocaíocht faoi Scéim na gCúntóirí Teanga

Tarraingíonn rannpháirtithe an taighde aird ar leith ar na dúshláin a bhaineann leis an íocaíocht a chuirtear ar fáil do chúntóirí teanga faoi scáth na Scéime agus freisin an tslí ina gcuirtear nó nach gcuirtear an íocaíocht sin ar fáil. Dar leis na cúntóirí atá ag obair leis an Scéim le roinnt mhaith blianta gur fada ó fuarthas ardú pá, ainneoin dar leo, go bhfuil an ráta íocaíochta réasúnta íseal i láthair na huaire. Go deimhin dar le roinnt cúntóirí go bhféadfadh an pá, mar aon leis na coinníollacha maidir le tréimhse stadach na hoibre, a bheith mar chonstaic go háirithe ag daoine óga a mbeadh spéis acu bheith ag obair mar chúntóirí teanga. Is ábhar buartha do na páirtithe leasmhara uile nach mbíonn pá breoiteachta ná saoire ar fáil do na cúntóirí teanga, gné eile dar leo a imríonn tionchar ar a mhealltaí is atá an post.

Ábhar suntasach eile imní do na cúntóirí é an briseadh san obair fiú laistigh den tréimhse 26 seachtaine sa mhéid is nach n-aithnítear go bhfuil an cúntóir teanga ag obair nuair nach bhfuil an scoil

oscailte. Fágann sé seo, in ainneoin go mbíonn an cúntóir ar fáil don obair, mura bhfeileann sé don scoil ar chúiseanna éagsúla, mar shampla i gcás turais scoile, níl an cúntóir i dteideal íocaíocht a éileamh ar na laethanta ná ar na huaireanta seo. Luaigh na cúntóirí go mbronntar foirm ráiteas pá agus asbhaintí orthu gach uair a thagann briseadh ina dtréimhse oibre. Is dúshlán ar leith é seo do na cúntóirí sin atá ag brath ar thacaíocht ón Roinn Leasa Shóisialaigh idir na tréimhsí oibre. I gcás na gcúntóirí sin, is gá clárú as an nua leis an Roinn Leasa Shóisialaigh gach uair a thagann briseadh sa tréimhse oibre beag beann ar thréimhse an bhriste sin.

Post páirtaimseartha atá i gceist le post an chúntóra teanga. Ráta de €21.12 san uair a íoctar le cúntóirí is cuma cén taithí atá acu. An t-aon phost eile i scoileanna atá cosúil le post an chúntóra teanga is ea an Cúntóir Riachtanas Speisialta. Gabhann scála tuarastail[4] leis an bpost sin a thugann cinnteacht níos fearr do na fostaithe sin agus aitheantas do na blianta taithí atá bainte amach acu. D'iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 síneann an scála tuarastail 15 pointe ó €23,353 go €39,110.

## 4.7 Earcú na gcúntóirí

Áirítear conair éagsúla earcaíochta i measc na gcúntóirí a ghlac páirt sa taighde seo. Tá an éagsúlacht sin ceangailte go dlúth leis an uair ar thosaigh siad ar an gcúntóireacht teanga i dtús aimsire. Is léir i measc na gcúntóirí sin atá i mbun na hoibre le fada gur chur chuige pearsanta agus neamhfhoirmiúil a bhí i gceist lena n-earcú. Ina gcás siúd, is iondúil gur fhiafraigh príomhoide nó teagmhálaí éigin dóibh an mbeidís sásta an obair a dhéanamh. Is minic sna cásanna seo nach raibh agallamh le déanamh. Cuireadh in iúl don fhoireann taighde, áfach, go bhfuil athrú tagtha air seo le blianta anuas. Tá próiseas foirmiúil earcaíochta idir lámha anois sa mhéid is go bhfógraítear folúntas mar chúntóir teanga, go minic ar fhóram poiblí mar Raidió na Gaeltachta nó ardán ar líne, agus cuirtear iarrthóirí faoi agallamh. Dar leis na cúntóirí gurb iad Muintearas Teoranta / Oidhreacht Chorca Dhuibhne a bhíonn i bhfeighil na n-agallamh agus go mbíonn príomhoide na scoile freisin ar an mbord, cé gur cuireadh roinnt cúntóirí a ghlac páirt sa taighde seo faoi agallamh gan phríomhoide nó ionadaí ar bith ón scoil i láthair.

In ainneoin go bhfuil an chuma ar an scéal ó theistiméireachtaí na gcúntóirí gur cur chuige foirmiúil earcaíochta atá i bhfeidhm i láthair na huaire is léir go dtarlaíonn earcaíocht neamhfhoirmiúil go fóill, go háirithe nuair a bhíonn príomhoidí i gcruachás agus cúntóir ag teastáil sa scoil chomh luath agus is féidir. Sna cásanna seo is minic go dtéitear i dteagmháil le cúntóir teanga, nó mar a pléadh thuas, oibrí réamhscolaíochta, atá i mbun oibre cheana féin a bhfuil ar a c(h)umas tabhairt faoi bhreis uaireanta.

Moltar an cur chuige atá i bhfeidhm ag na heagrais riartha le tamall de bhlianta anois ina ndéantar poist mar chúntóirí a phoibliú ar na meáin chumarsáide, na meáin shóisialta agus ar phobail na scoileanna. Bíonn príomhoide na scoile ar an mbord roghnúcháin freisin den chuid is mó agus ba chóir go mbeadh an príomhoide nó ionadaí na scoile ar an mbord roghnúcháin i gcónaí. Mar chuid den phróiseas earcaíochta ní mór do na heagrais riartha dul i muinín ghrinnfhiosrúchán na nGardaí agus aird a thabhairt ar chúrsaí

[4] www.education.ie/ga/ Ciorclán 0053/2018

cúraim leanaí. I bhfianaise thaithí agus theistiméireachtaí na rannpháirtithe agus freisin i bhfianaise na pleanála scoile a bheidh mar chuid de chleachtais teanga a thiocfaidh faoi scáth na Scéime agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, molaimid go mbeadh príomhoide na scoile ar an mbord ceapachán feasta agus cúntóir teanga dá scoil á c(h)eapadh.

## 4.8 Monatóireacht

Is faoi na heagrais riartha atá sé monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime. Bíonn suim airgid ar leith luaite leis an gComhaontú Seirbhísí leis na heagrais riartha freisin do chúrsaí riaracháin agus monatóireachta. Is é an coinníoll a luaitear leis an monatóireacht sin sa Chomhaontú ná 'go ndéanfaidh sibh mar eagraíocht monatóireacht chuí ar fheidhmiú na scéime'. Cuirtear tuairisc choimrithe ar an monatóireacht a dhéantar ar ais chuig an An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

I measc na nósanna imeachta monatóireachta tá: cuairt a thabhairt ar na scoileanna; cinntiú go bhfuil an scoil agus an cúntóir sásta leis na coinníollacha reatha; go bhfuil na dualgais á gcomhlíonadh ag an gcúntóir agus go bhfuil dul chun cinn le feiceáil. Bíonn baint ag an bpríomhoide leis an gcúram monatóireachta freisin i gcásanna áirithe, an bhileog ama a shíniú mar shampla. Bhí formhór mór c. 70% de na príomhoidí sásta leis an monatóireacht a dhéanann na heagrais riartha.

De réir na n-eagraíochta riartha, bainfidh dúshláin agus costais bhreise leis an gcúram monatóireachta i mbliana agus sna blianta atá le teacht mar gheall ar an ardú ar líon na scoileanna agus na gcúntóirí a thiocfaidh faoi choimirce na scéime. I gcás amháin luadh an t-achar atá idir na scoileanna agus an dúshlán a bhaineann le cuairt a thabhairt ar na scoileanna éagsúla atá faoi chúram an eagrais. Éiríonn leis na heagraíochtaí riartha cuairt a thabhairt ar gach scoil ar a laghad uair sa bhliain. Dar leis na cúntóirí teanga nach i gcónaí a dtéitear i mbun cainte leo le linn na gcuairteanna sin agus go bhfáilteoidís roimh an deis a bheith páirteach sna cuairteanna sin luaite. Aithnítear freisin go bhfuil sé an-deacair monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chúntóra nuair nach bhfuil clár ná siollabas ann ina leagtar síos spriocanna na Scéime. De dheasca sin, is mó béim a leagtar ar ghnéithe riaracháin sa mhonatóireacht reatha agus sa tuairisciú a dhéantar ar an monatóireacht chéanna.


Is léir gur dúshlán ann féin a leathan agus atá an Scéim agus an iliomad gné a bhaineann léi. Scéim oideachais teanga atá i gceist leis an Scéim. Tá dhá roinn stát, eagrais riartha, scoileanna agus cúntóirí ag plé leis an Scéim. Mar chuid de shoiléiriú cuspóirí na Scéime bheadh sé tábhachtach rólanna na bpáirtithe uilig a shoiléiriú. Ba é an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a chuir tús le maoiniú na Scéime an chéad lá riamh. Tá taithí ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a bheith ag plé le hiliomad scéimeanna Gaeltachta agus a bheith ag plé le heagrais riartha na scéimeanna sin. Thuairiscigh oifigigh na Roinne nach bhfuil saineolas oideachais sa Roinn, áfach, le meastóireacht a dhéanamh ar éifeacht oideachasúil na Scéime agus níl aon chóras foirmiúil ann le cáilíocht agus caighdeán na ngnéithe oideachasúla den Scéim a dhearbhú i láthair na

huaire dá bharr. Is iad na scoileanna féin is fearr a thuigeann na slite ar chóir leas a bhaint as cúnamh na gcúntóirí agus tá ról ag an Roinn Oideachais i ndearbhú chaighdeán oibre na scoileanna. Tá próiseas féinmheastóireachta scoile i bhfeidhm sna scoileanna agus moltar go mbeadh obair na gcúntóirí curtha san áireamh sa phróiseas sin. Molaimid freisin go n-iarrfaí ar an Roinn Oideachais meastóireacht a dhéanamh ar bhainistiú obair na gcúntóirí sna scoileanna mar chuid den ghnáthobair mheastóireachta a dhéanann cigirí sna scoileanna Gaeltachta. Tuigtear dúinn go mba ghá don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iarratas foirmiúil a dhéanamh chuig an Roinn Oideachais go ndéanfaí sin. Bheadh meastóireacht den chineál seo ag teacht leis an gcur chuige reatha áit a bhfuil a cuairteanna comhairleacha ar bun ag Cigireacht na Roinne Oideachais ar scoileanna Gaeltachta chun na spriocanna teanga-bhunaithe agus na gníomhartha atá roghnaithe faoin bpróiseas féinmheastóireacht scoile (bunaithe ar na réimsí agus na caighdeáin mar atá in Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016) a phlé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhartha" (An Roinn Oideachais, 2018a: 2, 2018b: 2, 2019).

## 4.9 Tábhacht Scéim na gCúntóirí Teanga


D'ainneoin na ndúshlán a luaigh rannpháirtithe an taighde seo, tá siad go láidir den tuairim go bhfuil tábhacht mhór ag baint leis an Scéim. Imríonn sé tionchar dearfach, dar leo, ní hamháin ar chumas Gaeilge na ndaltaí ach ar an nGaeilge mar theanga chumarsáide i dtimpeallacht na scoile freisin.

Thuairiscigh na príomhoidí go bhfuil rath ar an scéim nach mór d'aon ghuth. D'aontaigh 85% díobh go bhfuil feabhas tagtha ar chumas Gaeilge na ndaltaí mar gheall ar obair na gcúntóirí agus gur tháinig feabhas ar dhearcadh na bpáistí i leith na teanga. D'aontaigh 89% go bhfuil feabhas tagtha ar fhéinmhuinín agus féinmheas na ndaltaí - féach Figiúr 4.16.




**Figiúr 4.16.** Freagraí na bpríomhoidí bunscoile ar cheisteanna faoi éifeacht na Scéime

Maidir le príomhoidí iar-bhunscoileanna, d'aontaigh na príomhoidí ar fad go dtagann feabhas ar chumas, dearcadh agus féinmheas / féinmhuinín na ndaltaí mar gheall ar an scéim - féach Figiúr 4.17




**Figiúr 4.17..** Freagraí na bpríomhoidí iar-bhunscoile ar cheisteanna faoi éifeacht na Scéime

Téann an Scéim go mór chun tairbhe do Ghaeilge na ndaltaí, go háirithe na ndaltaí sin a thagann isteach sa cheantar ar bheagán Gaeilge. Dar leis na cúntóirí teanga go mbeadh an Ghaeilge i riocht i bhfad Éireann ní ba laige murach an Scéim de bharr an tionchair atá aige ar chumas agus ar úsáid na teanga i measc na bpáistí.

## 4.10 Conclúid

Tugadh léargas sa chaibidil seo ar ghnéithe éagsúla den Scéim lena n-áirítear: próifíl na scoileanna Gaeltachta agus an obair a bhíonn idir lámha ag cúntóirí teanga sna scoileanna sin; cúlra agus comhthéacs reatha na hoiliúna i measc na gcúntóirí; riaradh na Scéime agus an mhonatóireacht a dhéantar uirthi; próiseas earcaíochta na gcúntóirí; nithe eile nach iad. Cuirtear tátal an taighde i láthair sa chéad chaibidil eile agus déantar moltaí maidir le feabhsú agus treisiú na Scéime

# 5. Tátal agus Moltaí

Bhí na rannpháirtithe uilig a ghlac páirt sa taighde seo ar aon intinn faoi thábhacht Scéim na gCúntóirí Teanga. Tuairiscíodh go mba mhór an chabhair do scoileanna í Gaeilge na ndaltaí a fhorbairt agus úsáid na Gaeilge sa scoil a láidriú. Ceann de na nithe ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar na taighdeoirí ná díograis na gcúntóirí agus is cinnte gur bua é sin don Scéim san am i láthair.

Cuirtear i láthair anseo tátal an athbhreithnithe bunaithe ar an taighde agus ar an anailís litríochta a rinneadh. Ina theannta sin cuirtear moltaí i láthair maidir le feabhsú agus treisiú gnéithe éagsúla de Scéim na gCúntóirí Teanga.

## 5.1 Riaradh na Scéime

Bunaíodh an Scéim an chéad lá riamh chun an Ghaeilge a láidriú mar theanga labhartha i measc daltaí bunscoile Gaeltachta. Choinníomar riachtanais teanga na ndaltaí sin chun tosaigh i gcónaí agus muid i mbun tátal a bhaint as na torthaí taighde. Le feidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta bronnadh uaireanta tacaíochta teanga ar scoileanna Gaeltachta faoin bpolasaí sin. Tá an Scéim ag feidhmiú i gcomhthéacs nua mar sin. Ní mór na hathruithe sin a chur san áireamh agus aon mholtaí chun feabhais a dhéanamh ar an Scéim.

Ní fhéadfadh an Scéim feidhmiú murach an comhoibriú atá ann idir na cúntóirí, na scoileanna, na heagrais riartha (Muintearas Teoranta agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne), agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Le go bhfeidhmeodh an Scéim ar an mbealach is éifeachtaí teastaíonn fóram feidhmeach le dul chun cinn na Scéime a phlé agus a bheartú. Moltar Coiste Comhairleach a bhunú comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Oideachais, an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Gaeloideachas agus baill eile de réir mar is gá a shocróidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Ceann de na cúraimí a bheadh ar an gcoiste ná a chinntiú go bhfuil cuspóirí na scéime soiléir do gach páirtí agus creat-shiollabas agus spriocanna a leagadh amach. Ní mór cúram ar leith a dhéanamh don Scéim sna hiar-bhunscoileanna agus í méadaithe go mór go háirithe sa chomhthéacs iarbhunleibhéil faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

| Moladh 1 Coiste Comhairleach |
| --- |
| i. Moltar Coiste Comhairleach a bhunú comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Oideachais, an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Gaeloideachas agus baill eile de réir mar is gá a shocróidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is é an cúram go ginearálta a bheidh sannta don choiste ná comhairle mar is cuí a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme mholtaí ábhartha an athbhreithnithe – go háirithe mar a bhaineann sé leis an ngné oideachasúil a bhaineann leo.<br>ii. Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar mhaoiniú riaradh na Scéime de réir mar is gá agus ról na n-eagras riartha a athbhreithniú go tráthrialta le deimhniú go bhfuil an Scéim á riaradh ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir.<br>iii. Moltar don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán fógra a thabhairt do na heagrais riartha nach gcuirfear maoiniú ar fáil do chúntóir teanga in aon scoil nach bhfuil rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. I gcás go gceaptar, ar chúiseanna éagsúla, gurbh fhearr gan tairbhe na scéime a bhaint ó scoileanna den chineál seo moltar go mbreathnófaí ar thairbhe uaireanta agus seachtainí breise tacaíochta chomh maith le tacaíochtaí ábhartha eile de réir mar a oireann a choinneáil siar ó na scoileanna i gceist mar spreagadh. |

## 5.2 Obair an Chúntóra

Scéim oideachais agus teanga atá i gceist leis an Scéim. Is sna scoileanna atá an saineolas oideachais agus tuigeann na múinteoirí cad iad riachtanais teanga na ndaltaí. Moltar dá réir go mbeadh obair an chúntóra curtha san áireamh mar chuid de phleananna teagaisc na múinteoirí agus na scoile. Agus uaireanta tacaíochta teanga bronnta ar scoileanna faoin scéim aitheantais scoileanna Gaeltachta (An Roinn Oideachais, 2018a, 2018b, 2019), moltar go mbeadh an cúntóir teanga agus an múinteoir tacaíochta teanga ag obair as lámha a chéile faoi stiúir an phríomhoide.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag tuismitheoirí i seachadadh na Gaeilge go dtí an chéad ghlúin eile agus in úsáid na Gaeilge sa phobal trí chéile. Tháinig sé chun solais sa taighde gur minic nach raibh na tuismitheoirí ar an eolas faoi obair na Scéime. Moltar go gcuirfeadh gach scoil tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn go bliantúil faoin obair a bheidh ar siúl ag an gcúntóir faoi stiúir an mhúinteora ranga agus go bhfaighidh an scoil síniú ó na tuismitheoirí le taispeáint go dtuigeann siad na socruithe éagsúla atá i réim. Ba chóir na nósanna atá i bhfeidhm maidir le tacaíocht foghlama a leanúint sa chomhthéacs seo freisin.

Moltar a chinntiú go bhfuil gach cúntóir grinnfhiosraithe ag an Garda Síochána agus go bhfuil na gnéithe is gá de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí curtha in iúl ag an scoil do na cúntóirí teanga de réir mar a éilíonn Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017. Ní mór na cúntóirí a chur ar an eolas faoina gcuid dualgais maidir leis an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Teastaíonn cur chuige ar leith ó thaobh na cúntóireachta teanga sna hiar-bhunscoileanna le hais na mbunscoileanna. Is minic ag an leibhéal seo gur rochtain ar an gcuraclam trí mheán na Gaeilge an riachtanas is mó atá ag daltaí. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil 28 iar-bhunscoil faoin Scéim anois agus 16 acu sin rannpháirteach sa Scéim den chéad uair, moltar treoir agus comhairle a chur ar na

scoileanna sin ar bhonn práinneach. Moltar gur ar dhaltaí i mBliain 1, 2, agus daltaí ar bheagán Gaeilge a thagann isteach chun na scoile chuig bliainghrúpaí eile is mó a bheadh aird na gcúntóirí dírithe.

Tá ról ag an Roinn Oideachais i ndearbhú chaighdeán oibre na scoileanna. Tá próiseas féinmheastóireachta scoile i bhfeidhm sna scoileanna agus moltar go mbeadh obair na gcúntóirí curtha san áireamh sa phróiseas sin. Molaimid freisin go n-iarrfaí ar an an Roinn Oideachais meastóireachta a dhéanamh ar bhainistiú obair na gcúntóirí sna scoileanna mar chuid den ghnáthobair mheastóireachta a dhéanann cigirí sna scoileanna Gaeltachta. Tuigtear dúinn go mba ghá don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iarratas foirmiúil a dhéanamh chuig an Roinn Oideachais go ndéanfaí sin.

**Moladh 2 Obair an Chúntóra sa Scoil**

i. Moltar go ndéanfadh an Coiste Comhairleach iomlánú i scríbhinn ar ról an chúntóra teanga ar mhaithe le soiléiriú tuilleadh a dhéanamh ar an ról a bheidh acu sa suíomh nua oibre atá ann le cur i bhfeidhm an pholasaí don oideachas Gaeltachta agus an phróisis pleanála teanga. Is gá sa chomhthéacs seo, cúram ar leith a dhéanamh de ról an chúntóra teanga san iar-bhunscoil Ghaeltachta.
ii. Moltar go mbeadh obair an chúntóra curtha san áireamh mar chuid de phleananna teagaisc na múinteoirí agus na scoile.
iii. Moltar go mbeadh an cúntóir teanga agus an múinteoir tacaíochta teanga ag obair as lámha a chéile faoi stiúir an phríomhoide.
iv. Moltar go gcuirfeadh gach scoil i gcomhar leis na heagrais riartha de réir mar a oireann tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i scríbhinn go bliantúil faoin obair a bheidh ar siúl ag an gcúntóir faoi stiúir an mhúinteora ranga agus go bhfaighidh an scoil síniú ó na tuismitheoirí le taispeáint go dtuigeann siad na socruithe éagsúla atá i réim.
v. Moltar go mbeadh foirm bhunúsach le síniú ag tuismitheoir má tá obair ar leith le déanamh ag cúntóir lena p(h)aiste.
vi. Moltar treoir agus comhairle a chur ar na hiar-bhunscoileanna sin a bhfuil cúntóirí teanga ag obair iontu maidir le feidhmiú éifeachtach na Scéime sa chomhthéacs sin.
vii. Moltar go mbeadh obair na gcúntóirí curtha san áireamh mar chuid de phróiseas féinmheastóireachta scoile i dtreo an phlean feabhsúcháin scoile.
viii. Moltar go n-iarrfaí ar An Roinn Oideachais meastóireachta a dhéanamh ar bhainistiú obair na gcúntóirí sna scoileanna mar chuid den ghnáthobair mheastóireachta a dhéanann cigirí sna scoileanna Gaeltachta.

## 5.3 Oiliúint na gCúntóirí

Tá sárscileanna idir theanga, thaithí agus cháilíochta ag na cúntóirí atá ag obair ar an Scéim faoi láthair. Luaigh cuid acu, áfach, an easpa oiliúna atá orthu sa sainréimse seo. Ach oiread le múinteoirí teastaíonn forbairt ghairmiúil ó chúntóirí le cinntiú go bhfuil dea-chleachtais á gcur i bhfeidhm acu. Leag na cúntóirí, a raibh an deis sin acu, an-luach ar na seisiúin theacht le chéile a bhí acu chun a gcuid oibre a phlé. Moltar go mbeadh deis ag cúntóirí teacht le chéile ar bhonn rialta le hionchur saineolaí nó cleachtóra oilte, le smaointe a roinnt ar a chéile. Bheadh sé tábhachtach cúram ar leith a dhéanamh do chúntóirí atá ag obair in iar-bhunscoileanna sa chomhthéacs seo. Bhain go leor cúntóirí an-tairbhe as an Dioplóma i Sealbhú

Teanga agus Forbairt Linbh a bhí ar fáil faoi scáth Ollscoil na hÉireann Gaillimh breis is deich mbliana ó shin. Moltar don Choiste Comhairleach iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí deiseanna oiliúna a threisiú tuilleadh do chúntóirí. .

| Moladh 3 Oiliúint na gCúntóirí |
| --- |
| **i. Moltar go n-eagrófaí ceardlanna eolais ar bhonn rialta ina mbeadh deis ag cúntóirí teacht le chéile ar bhonn réigiúnach ar mhaithe le cur lena gcuid scileanna agus tuiscintí maidir leis an gcúram – le hionchur saineolaí nó cleachtóra oilte de réir mar a oireann agus smaointe a roinnt ar a chéile.**<br>**ii. Moltar go ndéanfadh an Coiste Comhairleach agus páirtithe leasmhara eile de réir mar a oireann, iniúchadh ar na bealaí deiseanna oiliúna a threisiú tuilleadh do chúntóirí.** |

## 5.4 Leithdháileadh uaireanta an chúntóra teanga

Maidir le leithdháileadh na n-uaireanta, cuireadh maoiniú breise ar fáil do shaibhriú teanga na gcainteoirí dúchais mar thoradh ar athbhreithniú roimhe seo i 2012. Moltar nach bhfuil idirdhealú righin ó thaobh maoinithe agus leithdháileadh uaireanta de idir saibhriú agus sealbhú cuiditheach a thuilleadh. Is grúpa fíorthábhachtach iad na cainteoirí dúchais agus ba cheart do scoileanna cúram ar leith a dhéanamh dá gcuid riachtanas saibhrithe teanga. Nuair a chuirtear comhdhéanamh na scoileanna san áireamh, áfach, tá scoileanna ann agus ar éigin go bhfuil aon chainteoir dúchais iontu. Moltar mar sin leithdháileadh na n-uaireanta laistigh den scoil a fhágáil faoin bpríomhoide i gcomhpháirt leis na múinteoirí. Is é ár dtuairim gur saineolaithe ar riachtanais sealbhaithe agus saibhrithe teanga na ndaltaí iad príomhoidí agus foirne na scoileanna éagsúla. Bheadh tionchar ag an saineolas sin ar an réasúnaíocht laistiar den leithdháileadh a dhéanfaí ar na huaireanta.

I láthair na huaire, tuigtear go mbronntar an líon céanna uaireanta cúntóireachta ar gach scoil beag beann ar líon na ndaltaí sa scoil nó a gcuid riachtanas foghlama. Is mian le príomhoidí go gcuirfí líon na ndaltaí sa scoil san áireamh agus líon na n-uaireanta á ríomh. Moltar go leanfaí le híoslíon uaireanta do gach scoil ach go gcuirfí scála i bhfeidhm faoi mar atá á dhéanamh leis na huaireanta tacaíochta teanga faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (An Roinn Oideachais na, 2018a, 2018b, 2019). I gcás Scéim na gCúntóirí Teanga, bheadh an scála agus líon na n-uaireanta ag brath ar acmhainní airgid bhreise don Scéim féin dar ndóigh.

| Moladh 4 Leithdháileadh na n-uaireanta |
| --- |
| **i. Moltar gan idirdhealú righin a dhéanamh ó thaobh maoinithe agus leithdháileadh uaireanta de idir saibhriú agus sealbhú, agus gurbh fhearr leithdháileadh na n-uaireanta laistigh den scoil a fhágáil faoin bpríomhoide i gcomhpháirt leis na múinteoirí.**<br>**ii. Moltar go leanfaí le híoslíon uaireanta do gach scoil ach go gcuirfí scála i bhfeidhm faoi mar atá á dhéanamh leis na huaireanta tacaíochta teanga faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus go mbeadh fáil ar uaireanta breise faoin Scéim do scoileanna a bhfuil líon níos airde daltaí iontu. Chuirfí an córas céanna i bhfeidhm i ngach réigiún.** |

## 5.5 Áiseanna Teagaisc agus Foghlama

Teastaíonn áiseanna teagaisc agus foghlama ó chúntóirí chun a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach. Mar thoradh ar athbhreithniú roimhe seo bunaíodh suíomh gréasáin www.ancuntoir.ie. Moltar go dtabharfaí faoi athchóiriú a dhéanamh ar an suíomh gréasáin agus é a fhorbairt tuilleadh le go mbeidh sé ina háis eolais, theagaisc, oiliúna agus thacaíochta do Chúntóirí. Cuirtear maoiniú breise ar fáil do scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta chun acmhainní teagaisc Gaeilge a cheannach. Moltar go gcuirfeadh scoileanna riachtanais na gcúntóirí teanga san áireamh agus na hacmhainní seo á gceannach.

Moladh 5 Áiseanna Teagaisc agus Foghlama

**i. Moltar go dtabharfaí faoi athchóiriú a dhéanamh ar na bealaí go bhfeadfaí an suíomh gréasáin www.ancuntoir.ie a fhorbairt tuilleadh le go mbeadh sé mar áis eolais, theagaisc, oiliúna agus thacaíochta do na cúntóirí teanga agus páirtithe leasmhara.**

**ii. Moltar go dtabharfaidh príomhoidí agus múinteoirí na scoile aird ar riachtanais na gcúntóirí teanga chun tacú le riachtanais teanga na ndaltaí agus acmhainní á gceannach faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.**

## 5.6 Earcú na gCúntóirí Teanga

Moltar an cur chuige atá i bhfeidhm ag na heagrais riartha poist mar chúntóirí a phoibliú ar na meáin chumarsáide, na meáin shóisialta agus ar phobail na scoileanna. Bíonn príomhoide na scoile ar an mbord roghnúcháin freisin den chuid is mó. Molaimid go mbeadh príomhoide na scoile mar bhall den bhord roghnúcháin i gcónaí agus cúntóir teanga á cheapadh.

Moladh 6 Earcú na gCúntóirí Teanga

**i. Moltar go mbeadh príomhoide na scoile mar bhall den bhord roghnúcháin i gcónaí agus cúntóir teanga á cheapadh.**

## 5.7 Tréimhse na Scéime agus íocaíocht

Bhí na páirtithe uilig den tuairim go mba chóir go mbeadh na cúntóirí ar fáil ó thús na scoilbhliana. Moltar go mbeadh na cúntóirí sna scoileanna ó thús na scoilbhliana agus an tréimhse a shíneadh chomh fada agus is féidir ag brath ar acmhainní chuige sin. Molaimid go gcuirfí an Scéim ar bun ar bhonn timthriallach trí bliana ar a laghad agus go dtabharfaí fógra do chúntóirí, d'eagrais riartha agus do scoileanna an dáta tosaigh a bheidh acu sa chéad scoilbhliain eile sula gcríochnaíonn na cúntóirí a gconradh sa scoilbhliain reatha. Post páirtaimseartha atá i gceist le post an chúntóra teanga agus íoctar iad in aghaidh na huaire.

Bhíodh na cúntóirí ar ráta €23 in aghaidh na huaire sular laghdaíodh é go €21.12 le linn na géarchéime eacnamaíochta thart ar 2011. Moltar mar sin ráta na gcúntóirí a ardú go dtí €23 in aghaidh na huaire agus an ráta sin a bheith faoi réir ag comhaontuithe náisiúnta pá agus go n-ardófaí é de réir mar a thagann arduithe pá sa tseirbhís poiblí trí chéile.

| Moladh 7 Tréimhse na Scéime agus Cúrsaí Íocaíochta |
|---|
| i. Moltar go mbeidh na cúntóirí sna scoileanna ó thús na scoilbhliana agus an tréimhse a shíneadh chomh fada agus is féidir i dtreo dheireadh na scoilbhliana. Moltar go síneofar an tréimhse go 32 seachtain i ndeireadh báire chomh luath agus is féidir.<br>ii. Ar mhaithe le cinnteacht do na cúntóirí a chothú mar a bhaineann sé le téarmaí fostaíochta de, molaimid gur ar bhonn timthriallach trí bliana ar a laghad a mhairfeadh na socruithe agus go dtabharfaí fógra do chúntóirí, d'eagrais riartha agus do scoileanna, sula gcríochnaíonn na cúntóirí a gconradh sa scoilbhliain reatha, maidir leis an dáta tosaigh a bheidh acu sa chéad scoilbhliain eile.<br>iii. Moltar go mbreathnófaí go tráthrialta ar théarmaí fostaíochta na gcúntóirí teanga. Sa chomhthéacs sin agus ar mhaithe le cur le héifeacht ghnóthaí riaracháin na scéime moltar go ndéanfaí cúiteamh leis na cúntóirí teanga ar bhonn coicísiúil seachas ar bhonn seachtainiúil. Ar brath ar acmhainní, moltar go n-ardófar ráta reatha pá na gcúntóirí go €23 in aghaidh na huaire, agus go mbeadh arduithe sa todhchaí faoi réir ag arduithe pá sa tseirbhís phoiblí trí chéile. |

## 5.8 Focail scoir

Tá an-mheas agus an-luach ar Scéim na gCúntóirí Teanga i measc na scoileanna atá rannpháirteach inti. D'fhéadfaí a léamh ar chuid de na moltaí atá déanta againn thuas go bhfuil níos mó cúraimí le leagadh ar na scoileanna i bhfeidhmiú na Scéime. Tháinig sé chun solais sa taighde go raibh bearnaí áirithe ann maidir le dearbhú caighdeán oideachais na Scéime. Is sna scoileanna agus sa Roinn Oideachais atá an saineolas cuí lonnaithe chuige sin. Cuideoidh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus na huaireanta tacaíochta teanga go mór leis an bpróiseas seo. Theastódh acmhainní airgid breise le cuid de na moltaí a chur i bhfeidhm ach is dóigh linn go rachadh sé go mór chun sochair na hoibre cur le tréimhse oibre na gcúntóirí agus bonn níos fearr a chur faoina gcuid oiliúna. Gné thábhachtach eile ná go mbunófaí coiste comhairleach lena chinntiú go bhfuil na páirtithe uilig ag obair as lámha a chéile. Tá bunús an-mhaith le tógáil air ach na moltaí a chur i bhfeidhm.

# 6. Leabharliosta


An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2018). *Comprehensive Review of the Special Needs Assistant Scheme: A New School Inclusion Model to Deliver the Right Supports at the Right Time to Students with Additional Care Needs*. Ar fáil ag: http://ncse.ie/wp-content/uploads/2018/05/NCSE-PAP6-Comprehensive-Review-SNA-Scheme.pdf

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2017). *Delivering for Students with Additional Care Needs. The Right Support at the Right Time in Schools A Proposed Model of Support December 2017 NCSE WORKING GROUP REPORT NO. 2*. Ar fáil ag: http://ncse.ie/wp-content/uploads/2018/05/NCSE-Delivering-Students-Care-WGR02.pdf

An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2017). *Daonáireamh 2016 – Próifíl 10: Oideachas, Scileanna agus an Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: POS.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. (2018). *Plean Gníomhaíochta 2018-2020: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.* Ar fáil ag: www.chg.gov.ie

An Roinn Oideachais. (2018a). *Imlitir 0021/2018: Scéim aitheantais scoileanna Gaeltachta do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta i limistéir pleanála teanga na Gaeltachta: An chéad chéim fheidhmithe eile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Aimsithe ag https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0021_2018_ir.pdf.

An Roinn Oideachais. (2018b). *Imlitir 0021/2018: Scéim aitheantais scoileanna Gaeltachta d'iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga na Gaeltachta: An chéad chéim fheidhmithe eile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Aimsithe ag https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0021_2018_ir.pdf.

An Roinn Oideachais. (2019). *Imlitir 0011/2019: Polasaí don oideachas Gaeltachta 2017-2022 Cuireadh do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna i limistéir phleanála teanga Ghaeltachta páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in 2019: Ón rannpháirtíocht go dtí an cur i bhfeidhm* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Aimsithe ag https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0011_2019.pdf.

Angus, K. 2016, "Saying vs. Doing: A Contradiction in the Professional Development of Foreign Language Teaching Assistants", *Foreign Language Annals*, vol. 49, no. 4, pp. 819-835.

Arnau, J., & Vila, F. X. (2013). Language-in-education policies in the Catalan language area. In J. Arnau (Ed.), *Reviving Catalan at School Challenges and Instructional Approaches* (pp. 1-28). Bristol: Multilingual Matters.

Blair, H.A. (1998). Indigenous languages and literacy: At risk in the 21st century. *Journal of Educational Research*, 44(2):242.

Cormier, M., Bourque, J., & Jolicoeur, M. (2014). (Re)-introduction to French: four education models to revitalise an endangered group in Eastern Canada. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 17(2), 160-177 doi:10.1080 /13670050. 2013.866626.

Council of Ministers of Education Canada / Canadian Heritage. (2015) *Odyssey: Live the Canadian Experience: Administrative and Financial Guide 2015 – 2016*. Ar fáil ag: https://www.myodyssey.ca/data/documents/00000015.pdf

Crawshaw R., Harrison J. (2007). Politics and pragmatics in the crosscultural management of 'rapport'. *Language and Intercultural Communication. 7*(3):217-239. doi: 10.2167/laic202.0.

Dafouz, E., & Abbie, H. (2013). 'Zip your lips' or 'keep quiet': Main teachers' and language assistants' classroom discourse in CLIL settings. *The Modern Language Journal.*

*97*(3):655-669.

De Faoite, G. (2003). *Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga, Scéim na gCampaí Samhraidh trí Ghaeilge d'Aos óg na Gaeltachta Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge & Cuairteoirí Baile – Na Féidearthachtaí*. An Roinn Gnóthaí Pobail. Tuaithe agus Gaeltachta.

Demie, F., & Lewis, K. (2010). Raising the achievement of Portuguese pupils in British schools: A case study of good practice. *Educational Studies, 36*(1):95-109.

Gómez Soler, I., & Tecedor, M. (2018). Foreign Language Teaching Assistant Training: A Contrastive Analysis of Trainers and Trainees' Perspectives. *Hispania*, 101 (1): 38-54.

Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & O'Gorman, M. (2006). *Irish in primary schools: long-term national trends in achievement*. Dublin: Stationery Office.

Hickey, T. (2001). Mixing beginners and native speakers in minority language immersion: Who is immersing whom? *The Canadian Modern Language Review, 57*(3), 443-474.

Hickey, T. (2007). Children's language networks in minority language immersion: What goes in may not come out. *Language and Education, 21*(1), 46-65.

Hickey, T., Lewis, G.& Baker, C. (2013). How Deep is your Immersion? Policy and Practice in Welsh-medium Pre-schools with Children from Different Language Backgrounds. In *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 17 (2) (1 – 20).

Julián-de-Vega, C. & Fonseca-Mora, M. (2017). Language policy and teacher team coordination practices in secondary CLIL schools. *European Journal of Language Policy, 9* (2):183-202.

Landry, R., Allard, R., & Deveau, K. (2011). *Schooling and Cultural Autonomy: A Canada wide study in Francophone minority schools*. Moncton: Canadian Institute for Research on Linguistic Minorities.

Lee, W. & Pring, T. (2016). Supporting language in schools: evaluating an intervention for children with delayed language in the early years. *Child Language Teaching and Therapy, 32* (2), pp.135-146.

Lindholm-Leary, K. J. (2001). *Dual Language Education*. Clevedon: Multilingual Matters.

Mac Donnacha, S. (2000). *Scéim na gCúntóirí Gaeilge (Gaeil Ulaidh) Moltaí bunaithe ar Chúrsa/Teacht le Chéile do na Cúntóirí Gaeilge ar an 8 – 10 Bealtaine 2000*. Gaillimh.

Mac Donnacha, S. (2000). *Scéim na gCúntóirí Gaeilge (Gaeil Ulaidh) Tuairisc ar Chúrsa/Teacht le Chéile do na Cúntóirí Gaeilge agus cruinniú leis na príomhoidí ar an 3 –4 Deireadh Fómhair 2000*. Gaillimh.

Martin, C. (2000). Modern foreign languages at primary school: A three-pronged approach? *The Language Learning Journal, 22*(1):5-10.

McDonagh, M. & McDonagh, J. (2008) *Cothú na Gaeltachta sna Réigiúin Ghaeltachta – Anailís ar Scéim na gCúntóirí Teanga I Scoileanna Náisiúnta Gaeltachta*.

Nic Cionnaith, P. (2008). *Léargas ar Dhearcadh agus Tuairimí i dtaobh an Chórais Oideachais Gaeltachta ag Tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógaint a gCuid Páistí le Gaeilge.* Tráchtas MA, OÉG: Neamhfhoilsithe

Ní Thuairisg, L. (2012). Ionaid Sealbhaithe Teanga na Breataine Bige: Eiseamláir don Ghaeltacht. I C. Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó Curnáin (Eds.), *An chonair chaoch: An mionteangachas sa dátheangachas* (171-192). Gaillimh: Leabhar Breac.

Ó Cinnéide, M., Mac Donnacha, S. & Ní Chonghaile, S. (2001). *Polasaithe agus Cleachtais* Eagraíochtaí Éagsúla le Feidhm sa Ghaeltacht. Gaillimh: Coimisiún na Gaeltachta.

Ó Duibhir, P. (2018). *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Bristol: Multilingual Matters.

Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L., & Ó Brolcháin, C. (2015). *Soláthar oideachais trí mhionteangacha: Athbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

Ó Flatharta, P. (2007). *Struchtúr oideachais na Gaeltachta.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O' Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: príomhthátal agus moltaí*. Baile Átha Cliath: an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Ó Mórdha, D., Ó Grifín, S., Ó hIarfhlaithe, O. & Seoighe, T. (2012). *Scéim na gCúntóirí Teanga Togra Taighde.* Baile Átha Cliath: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Pétervári, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., & Sheahan, J. (2014). *Iniúchadh ar an gcumas dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., & Millar, D. (2011). *Measúnachtaí náisiúnta 2010 ar* léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.

Tākao,N., Grennell, D., McKegg, K. & Wehipeihana, N. (2010). *Te Piko o te Māhuri The key attributes of successful Kura Kaupapa Māori.* Wellington: Ministry of Education. Ar fáil ag: https://www.educationcounts.govt.nz/__data/assets/pdf_file/0005/81158/954-KWA-English-21092010.pdf

Wardman, C. (2013). Interactions between EAL pupils, specialist teachers and TAs during withdrawal from the mainstream in UK primary schools. *Education 3-13. 41*(6):647-663.

# 7. Aguisíní

## 7.1 Aguisín A: Liosta na scoileanna atá faoi Scéim na gCúntóirí Teanga 2018-19.

| **Dún na nGall** |
|---|
| S N Cholmcille, An Tearmann |
| S N Mhuire, Caiseal Ceann Droma |
| S N Naomh Bríd, Na Dúnaibh |
| S N Cholmcille, Dhuibhlinn Riabhach |
| S N na Sraithe Móire, Leitir Ceanainn |
| S N Ghlasáin, an Craoslach |
| Pobalscoil Ghaoth Dobhair, Na Doirí Bheaga |
| S N Loch an Iubhair, Anagaire |
| S N Dhubhthach, Anagaire |
| S N Phádraig, Dobhar |
| S N Mhuire B&C, Na Doirí Beaga |
| S N Adhamhnáin, Luinnigh |
| S N Chonaill, An Bun Beag |
| S N Oilibhear Pluincéid |
| S N Bhríghde, Min'a Cladaigh |
| S N Caiseal na gCorr, Gort an Choirce |
| S N Cnoc na Naomh, Doire Chonaire |
| Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola |
| S N Naomh Dubhthach, Machaire Rabhartaigh |
| S N Fhionnáin, An Falcharrach |
| S N Gort an Choirce |
| S N Leitir Mhic na Bhaird |
| S N Árainn Mhór II |
| S N Árainn Mhór I |
| S N Taodhbhóg, An Chlocháin |
| S N An Choimín, An Chlocháin |
| S N Dúchoraidh, An Dúchoraidh |
| S N Min an Aoire, An Charraig |
| S N Chartha, Chill Chartha |
| S N Na Carraige, An Charraig |
| S N A Chaiseal, Gleann Cholm Cille |
| S N Éadan Fhionnfhraoich, Na Gleannta |
| S N Cholmcille, Baile na Finne |
| S N Mhin Teineadh De, Ard a'Rátha |
| Scoil an Aingil Choimheadaí, An Chéididh |
| Scoil Chróine, An Clochán Liath |
| S N an Bhreacaigh, Ard an Rátha |
| Scoil Naomh Colmcille, Toraigh |
| Pobalscoil na Rosann, An Clochán Liath |
| Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Mór |
| Gairmscoil Mhic Diarmada, An Leadhb Gharbh |
| Coláiste na Carraige, An Carraig |
| Coláiste Phobail Cholmcille, Baile Úr |
| **Co Mhaigh Eo** |
| Coláiste Mhuire Tuar Mhic Éadaigh |
| S N Chorr Chloch, Béal an Mhuirthead |

| |
|---|
| S N Chroí Mhuire Gan Smál, Ceathrú Thaidhg |
| S N Chroí Mhuire Gan Smál Sinsearach |
| S N Chroí Mhuire Gan Smál Sóisearach |
| S N Bhreandáin, Eachléim |
| S N Beal an Bhulláin, Acaill |
| S N Pádraig , Sáile |
| S N Tóin re Gaoithe |
| S N Naomh Seosamh, Acaill |
| S N Ros Dumhach |
| S N Ghleann na Muaidhe, Béal an Átha |
| S N Dubh Thuama, Dumha Thuama |
| S N Mhuire Gan Smál, Ceathrú Thaidhg |
| Our Lady’s Secondary School, Béal an Mhuirthead |
| St Breandan’s College, Béal an Mhuirthead |
| Coláiste Chomáin, Ros Dumhach |
| **Co na Gaillimhe** |
| Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin |
| S N Rónáin, Inis Mór |
| S N Inis Meáin |
| S N Tír an Fhia |
| S N Cholm Cille, Leitir Móir |
| S N Leitir Mealláin |
| S N Rónáin, An Trá Bhán. |
| S N Mhic Dara, An Cheathrú Rua |
| S N An Tuairín |
| Tigh Nan Dooley |
| Pobalscoil Mhic Dara |
| S N na hAirde Thiar, Carna |
| S N Mhuire, Carna |
| S N Mhuire Gan Smál, Camus |
| S N an Turlach Beag, Rosmuc |
| S N Briocán, An Gort Mhóir |
| S N Chill Chiaráin |
| S N na hAirde Móire, Cill Chiaráin |
| S N Naomh Cholmán Muigh Inis |
| Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna |
| S N Naomh Phádraig, An Chloch Breac |
| Coláiste Cholmcille, Indreabhán |
| S N na bhForbacha |
| S N Éinne, An Spidéal |
| S N Sailearna |
| S N Cholmcille, An Tulaigh |
| S N Cholm Cille Ros an Mhíl |
| S N Bhaile Nua, Maigh Cuilinn |
| Gaelscoil Mhic Amhlaidh |
| S N Bhríde, Mionlach |
| S N Naomh Breandáin, Eanach Dhúin |
| S N Séamus Naofa, Bearna |
| S N Bhríde, Leitir Caladh |
| S N na Fairche |
| S N Mhuire, Corr na Mona |
| S N Thír na Cille |
| S N Chaomháin, Inis Oírr |
| S N Eoin Pól II, Eoghanacht |
| Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua |

| |
|---|
| Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir |
| Coláiste na Coiribe |
| Coláiste Chroí Mhuire, an Spidéal |
| Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc |
| Coláiste Naomh Éinne, Cill Rónáin |
| Coláiste Ghobnait, Inis Oírr |
| **Co na Mí** |
| S N an tAthair Uí Ghramhnaigh, Ráth Chairn |
| Scoil Altáin Naofa, Baile Ghib, |
| Coláiste Pobail Ráth Chairn, Ráth Chairn |
| **Co Chiarraí** |
| Coláiste Íde |
| Pobalscoil Chorca Dhuibhne |
| S N Naomh Gobnait |
| S N Caitlín Naofa, Chill Mhic a'Domhnaigh |
| S N Cheann Trá |
| S N Naomh Eirc, Baile an Mhóraigh |
| S N Mhaolchéadair, An Charraig |
| S N Eoin Baiste, Lios Póil |
| S N An Chlocháin |
| S N An Chlochair, An Daingean |
| S N na mBráithre, An Daingean |
| S N Naomh Mhichíl, Dún Géagáin |
| S N Ghleanna, Baile an Sceilg |
| S N An Fheirtéaraigh, Trá Lí |
| S N An Ghleanna – An Daingean |
| S N Chillín Liath, Máistir Gaoithe |
| **Co Chorcaigh** |
| Coláiste Ghobnatan, Baile Mhic Íre |
| Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh |
| Scoil Réidh na nDoirí |
| S N Lachtaín Naofa, Cill na Martra |
| S N Chúil Aodha |
| S N Fhionnbarra, Béal Átha an Ghaorthaidh |
| S N Baile Bhúirne |
| **Co Phort Láirge** |
| S N Chléire |
| S N na Rinne |
| S N Scoil Baile Mhic Airt, |
| S N na Leanaí, An Rinn |
| Meánscoil San Nioclás |

## 7.2 Aguisín B

Mar chuid den Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga, tugadh cuireadh don dá eagras riartha, Muintearas Teoranta agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, aighneacht a chur i dtoll a chéile agus tá na haighneachtaí sin thíos.

### 7.2.1 Aighneacht Mhuintearas Teoranta

**1. An Modh Riaracháin Reatha a Mheas & moltaí sonracha maidir leis an gcaoi a bhfeadfaí riaradh na scéime a fheabhsú**

- Rachadh sé chun tairbhe go mór cinnteacht a bheith againn maidir le méid an deontais, líon scoileanna & allúntas uaireanta do na scoileanna sula dtosódh an scoilbhliain. Cruthaíonn sé deacrachtaí do scoileanna nuair nach mbíonn fios acu go dtí seachtain nó dhó tar éis an scoilbhliain tosnú cén uair a bheas an Cúntóir ag teacht chucu, mar go mbíonn a clár-ama socraithe ag tús na scoilbhliana.

- Comhaontú 3 bhliana a bheith idir An Roinn agus na heagraíochtaí a riaraíonn Scéim na gCúntóirí. Thabharfadh sin cinnteacht do na Cúntóirí nuair a chríochnaíonn siad a cuid oibre ag deireadh an 26 seachtain, go mbeidh post acu arís i Méan Fómhair. Ó thaobh na n-eagraíochtaí de, bheadh deis i bhfad níos fearr pleanáil chun cinn a dhéanamh agus oiliúint a eagrú do na Cúntóirí. Tá sé deacair aon phleanáil chun cinn a dhéanamh nuair nach mbíonn a fhios 100% go mbeidh an Scéim ag leanacht ar aghaidh ó bhliain go bliain.

- Tréimhse na Scéime a leathnú amach go dtí 32 seachtain sa mbliain, in áit 26 seachtain mar atá faoi láthair. Is ó na scoileanna atá an t-iarratas seo ag teacht.

- Tá sé thar am breathnú ar an táille riaracháin a thugtar do na heagraíochtaí. D'fhan an táille seo mar a chéile ó 2011 / 2012, go dtí i mbliana i gcás Mhuintearas Teo, cé gur cuireadh scoileanna breise sa Scéim i gcaitheamh na mblianta sin, ón líon scoil a bhí ann ag tús na scoilbhliana 2011 / 2012, i. Bítear ag súil le níos mó agus níos mó oibre ó thaobh riaracháin de, ach ar an gcostas céanna.

**2. An chaoi a bhféadfaí an Scéim a láidriú chun tacú tuilleadh le cainteoirí dúchais Gaeilge, chomh maith le foghlaimeoirí**

- Chuideodh sé go mór leis na heagraíochtaí riaracháin agus le scoileanna da mbeadh cur síos beacht ar shaibhriú teanga ar fáil don Scéim - sainmhíniú ar cheard go díreach atá i gceist leis.

- Tá an solúbthacht a bhaineann leis an ngné saibhrithe teanga go maith do roinnt scoileanna nuair nach bhfuil an Cúntóir ag iarraidh na h-uaireanta a dhéanamh / nuair nach mbeadh an Cúntóir feiliúnach don saibhriú teanga / nuair atá scoileanna ag iarraidh rud éicint eile a dhéanamh, ach b'fhéidir nach bhfuil dóthain béime curtha ar saibhriú teanga sna gníomhaíochtaí a dhéanann siad (féach pointe thuasluaite).

- Spriocanna a shoiléiriú - cén cumas teanga ar cheart a bheith ag páistí ag aos áirithe (cainteoirí dúchais & foghlaimeoirí)

- Ceardlanna gairid a eagrú do Chúntóirí ar bhonn áitiúil, chun deis a thabhairt dóibh bualadh lena cheile agus an obair atá ar bun acu a phlé eatarthu

- Tá sé molta ag Muintearas Teo agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne chuig An Roinn cheana gur cheart grúpaí stiúrtha a bhunú chun tabhairt faoin obair seo. Feiceann muid go bhfuil gá le grúpa stiúrtha do Chondae na Gaillimhe & na Mí, ceann do Chondae Dhún na nGall, ceann do Ghaeltacht Mhaigh Eo, agus ceann ar an laghad do Ghaeltacht na Mumhan. Creideann muid freisin go bhfuil gá le grúpa stiúrtha ar leith do na meánscoileanna, toisc go bhfuil diofar mór san obair a dhéanann an Chúntóir sa meánscoil ón gCúntóir sa mbunscoil. Ba cheart go mbeadh na grúpaí seo comh-dhéanta de mhúinteoirí, Cúntóirí Teanga, ionadaithe ón eagraíocht riaracháin agus ionadaí ón Roinn, agus b'fhéidir freisin gur chóir ionadaí ón Roinn Oideachais, agus ionadaí thar ceann na rannóige pleanála teanga a bheith páirteach. B'fhéidir go bhféadfaí aitheantas a fháil do mhúinteoirí a bheadh ar na grúpaí stiúrtha maidir le cúrsaí inseirbhíse faoin bPolasaí Oideachais Gaeltachta. Ar ndóigh, bheadh costas ar seo - chaithfí liúntas a thabhairt do mhúinteoirí agus do Chúntóirí chun freastal ar na cruinnithe, chomh maith le costais taistil agus riaracháin do na h-eagraíochtaí. Samhlaíonn muid go mbeadh na na cúinsí seo a leanas faoi chaibidil ag na grúpaí stiúrtha:
  - clár oibre do na cúntóirí a leagan amach (siollabas don Scéim)
  - mór aidhm agus spriocanna na Scéime a fhorbairt
  - moltaí maidir le hoiliúint, le hábhar agus le cur chuige na Scéime
  - leagan amach agus cur chuige na Scéime sna meánscoileanna
  - tábhacht na gcanúintí agus saibhreas áitiúl
  - polasaithe srl a theastaíonn a fhorbairt
  - bealaí chun dul chun cinn na Scéime a thomhais
  - bealaí chun monatóireacht níos éifeachtaí a dhéanamh ar an Scéim

- D'fhéadfaí freisin comhairle agus cuidiú faoi na nithe seo thuasluaite a fháil ó mhúinteoirí atá éirithe as a bpost.

- Tá ábhar forbraithe ag roinnt de na cúntóirí a bhíonn siad fein ag úsáid ina cuid oibre (m.sh. drámaí atá scríofa acu). Ba cheart seo a mheas le súil agus míreanna éagsúla a chur i gcló / a chur ar fáil do Chuntóirí eile amach anseo.

**3. An chaoi a bhféadfaí eolas, cur chuige agus scileanna na gCúntóirí Teanga, agus a n-ionchur foghlama teanga, a fheabhsú chun tacú tuilleadh le forbairt teanga na ndaltaí**

- Oiliúint a chur fáil do Chúntóírí i ngnéithe éagsúil a bhaineann le foghlaim & forbairt teanga, m.sh:
  - tumoideachas
  - sealbhú teanga
  - saibhriú teanga - bealaí praiticiúla le seo a chur i bhfeidhm
  - úsáid cuid de na pacáistí sealbhaithe teanga / foghraíochta a bhíonn sna scoileanna

- Oiliúint i scileanna nuatheicneolaíochta le go mbeadh Cúntóirí ábálta teacht ar acmhainní ar-líne agus iad a úsáid (tá cuid acu abálta seo a dhéanamh, níl cuid eile)

Forbairt a dhéanamh ar shuíomh Idirlín na Scéime go leanúnach. D'fhéadfaí eolas faoin Scéim do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne, ábhar a d'fhéadfadh na Cúntóirí a íoslódáil agus uaslódáil, moltaí maidir le hábhar agus fáil ar an ábhar sin, aidhmeanna agus spriocanna na scéim, polasaithe agus eolas ábharach eile srl, a bheith lar fáil ar an suíomh. Mar atá ráite thuas, bheadh gá le hoiliúint a chur ar Chúntóirí ionas go mbeadh siad ábálta earraíocht a bhaint as an suíomh.

4. **Bealaí go bhféadfaí pé easnamh a bhaineann le cáilíochtaí, oiliúint, tacaíochtaí, modhanna oibre agus dualgais na gCúntóírí Teanga a cheansú**

- Ar an gcead dul síos ba cheart go mbeadh dioplóma no a chomh-ionann ag gach cúntóir ar fud na tíre atá ag feidhmiú faoin Scéim. Rinne na Cúntóirí Teanga a fostaíodh nuair a thosaigh an Scéim an chéad lá riamh dioplóma 3ú leibhéal a bhí curtha le chéile go sonrach d'obair an Chúntóra Teanga. Tá formhór na gCúntóirí sin éirithe as an obair faoin am seo, agus tá go leor Cúntóirí nua tagtha ó shoin agus réimse leathan cáilíochtaí / teastais acu, roinnt acu ag leibhéal níos isle ná dioplóma, agus Cúntóirí eile a bhfuil céim agus iarchéim acu. Ba mhaith an rud é caighdeanú a dhéanamh ar oiliúint na gcúntóirí ar fud na tire tré chúrsa dioplóma a chur ar fáil arís. Bheadh sé iontach dá bhféadfaí cúrsa amháin a dhéanamh in áit / ionad a d'fhéadfaí cúntóirí as gach réigiún freastal ar.

- Dearnadh iniúchadh ar cháilíochtaí na gCúntóirí Teanga i 2012 / 2013, ach tá go leor athraithe tarlaithe ó shin. B'fhéidir gurb fiú tabhairt faoi staidéar mar seo arís.

- Tá gá freisin le gearrchúrsaí oiliúna / ceardlanna in ábhar atá riachtanach don Scéim, m.sh. saibhriú teanga, modhanna múineadh teanga /cur chuige sa seomra ranga, scileanna nuatheicneolaíochta, ábhar ar leith / pacáistí foghlama a úsáid, Cosaint an Linbh, srl.

- Ba mhaith an rud e bun cháilíocht a bheith leagtha síos do phost an Chúntóra Teanga. Ní raibh aon eolas mar seo ar fáil nuair a thosaigh Muintearas Teo ag reáchtáil na Scéime i 2010 / 2011. Inár bproiséas earcaíochta, molann muid Dioplóma sa nGaeilge nó a chomhionann, ach ní féidir daoine a chur as an áireamh muna bhfuil cáilíocht den chineál seo acu nuair nach bhfuil sé riachtanach.

- Bíonn dualgais na gCúntóirí sonraithe sa gConradh Fostaíochta a fhaigheann siad, ach arís ní raibh seo ar fáil nuair a ghlac Muintearas Teo le riaradh na Scéime agus is rud é atá forbraithe againn féin i gcaitheamh na mblianta. Ar ndóigh, tá proiséis ag Muintearas le deileáil le gearáin / gan dualgais a chomhlíonadh srl do gach fostaí de chuid an chomhlachta.

- Maidir le modhanna oibre an Chúntóra, sílim go bhfuil sé tábhachtach cuimhniú go bhfuil réimse leathan scoileanna i gceist agus má chuirtear córas i bhfeidhm faoi go gcaithfear modhanna oibre ar leith a úsáid faoin Scéim, tá an chontúirt ann nach n-oibreoidh sin do gach scoil. Faoi láthair, is faoin scoil atá sé plean oibre a leagan síos don Chúntóir Teanga chun freastal ar riachtanais na scoile sin. B'fhiú breathnú ar seo i bhfianaise na huaireanta breise múinteoireachta atá faighte ag scoileanna faoin bPolasaí Oideachais Gaeltachta, sa gcaoi agus gur féidir a bheith cinnte go bhfuil an múinteoir breise agus an Cuntóir Teanga ag obair as lámha a chéile.

5. **Bealaí a bhféadfaí monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar obair agus ar fheidhmíocht na gCúntóírí Teanga**

- Tugtar cuairt monatóíreachta ar gach scoil ar an laghad uair sa bhliain faoi láthair, agus bíonn foirm monatóireachta le líonadh ag an gCúntóir & an Príomhoide uair sa bhliain. D'fhéadfaí córas monatóireachta na Scéime a fheabhsú cinnte, tré cuairteanna a thabhairt ar scoileanna níos minicí, tré chruinniú a eagrú leis an príomhoide, an múinteoir ranga agus an cúntóir le chéile ar an laghad uair sa mbliain. Ach bheadh costas níos airde ar seo, go mór mór i bhfianaise an ardu ollmhór atá tagtha ar líon na scoileanna atá ag glacadh páirte sa Scéim i mbliana 2018 - 2019, agus mar gheall ar an tíreolaíocht atá i gceist.

- Maidir le proiséas monatóireachta ar fheidhmíocht na gCúntóirí Teanga, bheadh sé deacair a leithéid a chur i bhfeidhm gan clár / siollabas & spriocanna ann don Scéim.

6. An chaoi a bhféadfaí an Scéim a threisiú le leanúnachas na foghlama agus forbairt teanga na ndaltaí idir an scoil agus an baile

- Go dtí seo, déarfainn gur beag teagmháil a bhí idir na heagraíochta riaracháin / Cúntóirí Teanga le tuismitheoirí. Cuireadh litir chuig tuismitheoirí 5 nó 6 bliain ó shin ag míniú ceard go díreach atá i gceist leis an Scéim agus céard a d'fhéadfadh tuismitheoirí a dhéanamh chun tacú le haidhmeanna na Scéime.

- Is gné í seo nach raibh i gceist do Chúntóirí Teanga go foirmealta ariamh cheana, agus tá seans ann go mbeadh cuid acu drogallach dul i mbun plé le tuismitheoirí. Seans go dteastóidh oiliúint de shaghas eicint ó Chúntóirí sula mbeadh siad inniúl ar, nó sásta go deimhin, dul i mbun cainte nó idirbheartaíochta le tuismitheoirí.

- D'fhéadfadh ionadaithe ó na heagraíochtaí riaracháin agus ón Roinn freastal ar chruinniú na dtuismitheoirí a eagraíonn na scoileanna, chun na Scéime a phlé leo agus moltaí maidir le leanúnachas na foghlama & forbairt teanga na ndaltaí idir an scoil agus an baile a chur ar fáil.

## 7.2.2 Aighneacht Oidhreacht Chorca Dhuibhne

**Aighneacht:** Scéim na gCúntóirí Teanga – Athbhreithniú

**Chuig:** SEALBHÚ, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge

Fáiltíonn Oidhreacht Chorca Dhuibhne roimh an t-athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga.

Is iad Roinn na Gaeltachta atá ag maoiniú na Scéime agus táthar ag súil go leanfaidh Roinn na Gaeltachta ag forbairt an phobail Gaeltachta trí scéimeanna mar Scéim na gCúntóirí Teanga.

***

**1990í**

**Comhthéacs:** Cuireadh tús le Scéim an Chúntóra Teanga i scoil Dhún Chaoin ag tús na 90í nuair a chuaigh bean tí áitiúil isteach i Scoil Naomh Gobnait chun cabhrú le leanbh a bhí tagtha chun na scoile gan aon Ghaelainn.

**Príomhriachtanas:** Go mbeadh Gaelainn shaibhir ag an gCúntóir Teanga

**2018:** Tá Cúntóirí Teanga ins gach bunscoil Gaeltachta le maoiniú ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Níl aon stádas oifigiúil ag an bpost /Cúntóir Teanga sa Chóras Oideachais. Níl aon chúrsa ar leith do dhuine le tabhairt fé chun tabhairt fén obair.

**2018**

**Comhthéacs:** Tá níos mó leanaí gan Gaelainn sna scoileanna ná leanaí arbh Cainteoirí Dúchais iad.

Tá Cúntóirí Teanga le saibhreas Gaelainne ag obair sna scoileanna – cuid maith atá 70+.

Táthar fós dírithe ar ‘an foghlaimeoir Gaelainne’ seachas ‘an cainteoir dúchais Gaelainne’.

**Príomhriachtanas:** Go mbeadh Gaelainn shaibhir ag an gCúntóir Teanga.

**2018/2019**

**Aonad Oideachas Gaeltachta**

**Tá Múinteoir Teanga ag obair i mbunscoileanna na Gaeltachta.**

**An bhfuil daoine sa phobal a bhfuil Gaelainn shaibhir ó dhúchas acu a bheidh ábalta feidhmiú mar Chúntóirí Teanga san blianta romhainn.**

| | |
|---|---|
| 1. an modh riaracháin reatha a mheas agus moltaí sonracha (le costas measta ag gabháil leo) a sholáthar maidir leis an gcaoi a bhféadfaí riaradh na scéime a fheabhsú tuilleadh ar mhaithe lena chinntiú go bhfuiltear ag fáil an luach is fearr is féidir as an ngné de chostas na scéime a bhaineann lena riaradh; | Stádas mar oideachasóir le saineolas saibhrithe teanga agus mar bhall d'fhoireann teagaisc scoile/scoileanna (bunaithe ar rollachán) a bheith ag cúntóir teanga.<br><br>Stádas fostaíochta ar bhonn lán-aimseartha buan a bheith ag cúntóir teanga<br><br>Go mbeadh Riarthóir na Mumhan fostaithe fé scáth Oidhreacht Chorca Dhuibhne leis an scéim a riaradh:<br><br>Go mbeadh maoiniú bliantúil ar fáil chun an scéim a Riaradh.<br><br>Thíos maoiniú reatha agus moladh |
| **Riaradh: €243,827**<br>**Maoiniú ó Roinn na Gaeltachta**<br>**Costas:**<br>**Pá: €211,746.30**<br>**Riarachán: €28,720.70**<br>**Monatóireacht: €3,360.00**<br>**Saibhriú Teanga:** 4 Scoil - (Corca Dhuibhne)<br><br>**Caitear maoiniú breise as scéim na gCúntóirí Teanga ar Stáitse na nÓg i gCorca Dhuibhne**<br>Cuirtear Scéalaithe agus Amhránaithe isteach sna scoileanna agus eagraítear dhá oíche – Oíche Amhránaíochta/Oíche Scéalaíochta – deis d'óige an cheantair dul ar stáitse.<br>Rince na Scol – tugann rinceoir Cónaitheach 8 dturas ar scoileanna – Céilí Mór na Scol gach Márta – ceiliúradh Lá le Pádraig.<br><br>**Forbairt Acmhainní:** www.ancuntoir.ie<br>(níl obair déanta ar an suíomh le 2 bhliain) | **Riaradh Molta**<br>**Maoiniú ó Roinn na Gaeltachta**<br>**Costas:**<br>**Pá: €211,746.30**<br>**Riarachán: €30,000.00**<br>**Saibhriú Teanga: €8,400.00**<br>**Oiliúint: €10,000.00**<br>**Monatóireacht: €6,962.00**<br>**Saibhriú Teanga:** 4 Scoil - (Corca Dhuibhne)<br><br>**Riarthóir lánaimseartha (post ann féin riaradh agus forbairt Scéim na gCúntóirí Teanga )**<br><br>**Maoiniú breise do scéimeanna mar:**<br>**Stáitse na nÓg:** Go mbeadh deis ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne iarratas a dhéanamh ar Roinn na Gaeltachta ar son maoinithe breise le Stáitse na nÓg a fhorbairt i scoileanna Chorca Dhuibhne agus bunscoileanna na Mumhan fé scáth Scéim na gCúntóirí Teanga.<br><br>**Forbairt Acmhainní:** www.ancuntoir.ie – iarratas le hullmhú le dul fé bhráid na Roinne ar áiseanna tacaíochta a fhorbairt a bheadh ar fáil ar an suíomh www.ancuntoir.ie **sna canúintí difriúla.** |

| | |
|---|---|
| 2. an chaoi a bhféadfaí an scéim a láidriú chun tacú tuilleadh le cainteoirí dúchais Gaeilge, chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge i limistéir Ghaeltachta; | **Saibhriú Teanga:**<br><br>**Gearr téarma:** Go mbeadh Cúntóir Teanga ar leith ag obair i scoil /idir cnuasghrúpaí de scoileanna – sé sin go mbeadh sainchúram saibhrithe teanga ar an gCúntóir.<br><br>**Fad téarma:**<br>Go mbeadh Múinteoir/Cúntóir Saibhrithe Teanga ag obair idir scoileanna le clár Saibhrithe Teagan – Siollabas/Curraclam atá le forbairt – ar fáil don Mhúinteoir/don Chúntóir<br>– clár bliana a shaibhreodh teanga na leanaí sna réimsí mar atá a chomhlánódh Curraclam Teanga na Bunscoile/ Sonraíocht Ghaeilge T1 don tSraith Shóisearach nó Siollabais na nArdteistiméireachta mar is cuí.<br><br>**Foghlaimeoir:**<br>Go mbeadh cúntóir teanga sa scoil nó in 2 scoil agus go mbeadh mar chúram air/uirthi tacú le leanaí atá ag foghlaim na teanga agus trí phlean d'fhoghlaim an dalta/na ndaltaí a fhorbairt i gcomhpháirt leis an múinteoir/múinteoirí ranga chun freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais foghlama Gaeilge an dalta agus a rochtain ar ábhair eile an churaclaim trí mheán na Gaeilge a chinntiú. |

| | |
|---|---|
| 3. an chaoi a bhféadfaí eolas, cur chuige agus scileanna na gcúntóirí teanga, agus a n-ionchur foghlama teanga, a fheabhsú chun tacú tuilleadh le forbairt teanga na ndaltaí; | **Gearr téarma:**<br>**i. Gearrchúrsa teagaisc**<br>maidir le 'Cur chuige i bhforbairt teanga an chainteóra dúchais'/'an fhoghlaimeóra' a fhorbairt ag a mbeidh aitheantas ar QQIA<br>**ii. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach** (ar líne agus seomra teagaisc) bunaithe<br>a. ar riachtanais foghlama teanga an chúntóra féin<br>b. ar shaineolas an chúntóra teanga ar shealbhú teanga (mar T1 agus T2).<br>**Fad téarma/todhchaí:**<br>**Cúrsa céime /modúil ag an tríú leibhéal**<br>- Forbairt pobail teanga lárnach<br>- Forbairt an linbh<br>- Forbairt teanga an linbh<br>- Tógaint leanbh le teanga mionlaigh<br>- Conas féiniúlacht a mhuascailt sa leanbh/phobal a labhraíonn teanga atá i mbaol. |

| | |
|---|---|
| 4. na bealaí a bhféadfaí pé easnamh a bhaineann le cáilíochtaí, oiliúint, tacaíochtaí, modhanna oibre agus dualgais na gcúntóirí teanga a cheansú | Creat cáilíochta a dhearadh<br><br>Ceardlanna oideachasúla a bheith ar fáil –faoi scáth na n-eagraíochtaí riaracháin – le treoir ó Aonad Polasaí Oideachais Gaeltachta na Roinne Oideachais agus insititiúidí tríú leibhéal. |
| 5. na bealaí a bhféadfaí monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar obair agus ar fheidhmíocht na gcúntóirí teanga; | Le struchtúr níos foirmeálta – d'fhéadfaí monatóireacht níos éifeachtaí a dhéanamh – d'fhéadfaí céimeanna a leagadh amach le cén leibhéal Gaelainne lena mbeifí ag súil ó Chainteoirí Dúchais/foghlaimeoir Gaelainne agus iad ag fágaint rang 6 (nó Bliain 6 dara leibhéal) agus bheadh obair an Chúntóra<br>Teanga dírithe ar an leibhéal sin a bhaint amach leis an leanbh. |
| 6. an chaoi a bhféadfaí an scéim a threisiú le leanúnachas na foghlama agus forbairt teanga na ndaltaí idir an scoil agus an baile; | Go mbeadh státas ag an bpost sa chóras – go mbeadh post lánaimseartha ann do Chúntóir Teanga le hoiliúint (Pointe 3 thuas) |